


# Tuarascáil Bhliantúil Léiriúcháin Neamhspleácha 2024





# CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Athbhreithniú ar an mBliain: | |
| – Teilifís | 4 |
| – Raidió | 24 |
| Maoiniú Eile | 30 |
| Bearta Taca Eile | 31 |
| Rialachas Corparáide | 31 |
| Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais agus Coimisiúnaithe | 32 |
| Tuarascáil ó Chuntasóirí Neamhspleácha | 35 |
| Sceidil | 36 |

In 2024, ba ag RTÉ a bhí an tseirbhís líneach teilifíse ab fhearr in Éirinn, agus shroich sé an sciar ab airde a bhí aige de lucht féachana na teilifíse líní le breis agus deich mbliana anuas agus sciar carnach suntasach de 27.9% aige trasna na gcainéal (Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen Media. Sciar na ndaoine aonair ar feadh an lae - comhdhlúite). Bhí an-bhaint ag na cláracha coimisiúnaithe leis an rath a bhí ar RTÉ freisin, toisc gur chuir siad ar chumas an chraoltóra réimse saibhir d'ábhar tarraingteach ar ardchaighdeán a thairiscint do lucht féachana na hÉireann. Idir na léirithe tarraingteacha a chonacthas ar *Dancing with the Stars* agus an clúdach beo corraitheach ar *United Rugby Championships*, thug léiritheoirí neamhspleácha an lucht féachana níos gaire don aicsean agus don ghliondar.

Bhí bliain den scoth ag an RTÉ Player, le níos mó sruthú déanta air ná riamh cheana. Mealladh an lucht féachana chuig meascán suaithinseach d'ábhar ardchaighdeáin de chuid na hÉireann, lena n-áirítear cláracha drámaíochta, cláracha faisnéise agus siamsaíochta, agus an chuid is mó de sin léirithe ag cruthaitheoirí neamhspleácha as Éirinn. Bhí imeachtaí náisiúnta agus sraitheanna teilifíse a bhfuil an-tóir orthu i measc an ábhair seo, rud a d'fhág go raibh RTÉ níos tarraingtí fós.

Lean Léiriúcháin Raidió Neamhspleácha RTÉ ag infheistiú i raon éagsúil de chláracha raidió, agus topaicí ar nós gnó, na healaíona agus an cultúr á gclúdach. Thaitin na cláir seo leis an lucht éisteachta ar ardáin éagsúla fuaime, rud a chuir leis an rath a bhí ar RTÉ go ginearálta.

Tá de dhualgas ar RTÉ faoin Acht Craolacháin, 2009 íosmhéid réamhshocraithe a chaitheamh gach bliain ar chláracha teilifíse agus raidió a léirítear go neamhspleách. Déantar an tsuim seo a lóisteáil i gcuntas bainc ar leith, Cuntas na gCláracha Neamhspleácha. Is cuid d'oibleagáid RTÉ í faoin Acht Craolacháin tuarascáil a eisiúint maidir leis an gcuntas sin. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar an gcaoi ar úsáideadh an maoiniú a bhí sa chuntas in 2024.

€47.3m an méid a bhí ar RTÉ a chaitheamh de réir na reachtaíochta in 2024 (2023: €44.5.m). In 2024, d'íoc RTÉ an méid iomlán isteach i gCuntas na gCláracha Neamhspleácha de réir an Achta Craolacháin, 2009. Tugtar míniú i Sceideal 1 ar an riachtanas seo. Ba é €48.8m an caiteachas iomlán don bhliain, caiteachas a bhí €1.5m os cionn an cheanglais reachtúil atá orainn.

Déanann rannán Ábhar RTÉ bainistiú ó thaobh airgeadais agus conartha ar chúrsaí léiriúcháin i dtaca le cláracha a bhíonn coimisiúnaithe don teilifís agus don raidió.




## Bhí imeachtaí suntasacha ar siúl sa bhliain 2024, lena n-áirítear na Cluichí Oilimpeacha i bPáras, olltoghcháin in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, agus toghchán uachtaránachta sna Stáit Aontaithe. I rith na bliana, rinne RTÉ tuairisciú cuimsitheach ar na himeachtaí seo chomh maith le roghanna eile, a bhí tarraingteach agus siamsúil, a sholáthar trí chláracha coimisiúnaithe.

Bhí an lucht féachana in ann taitneamh a bhaint as meascán éagsúil de chláracha faisnéise a raibh tionchar acu, seónna siamsaíochta ardleibhéil agus níos mó de dhrámaíocht bhunaidh na hÉireann. Bhí RTÉ bródúil as bheith ag tacú le hearnáil na léiriúchán neamhspleách, agus an chuid is fearr de lucht cruthaitheach na hÉireann á gcur i láthair sa bhaile agus thar lear.

Choinnigh RTÉ air ag díriú ar fhadhbanna aeráide in 2024, le cláracha faisnéise suntasacha ar nós *Birdsong* (True Films), scannán cumhachtach a leanann an t-éaneolaí Seán Ronayne agus é ag iarraidh ceol gach éan dúchasach de chuid na hÉireann a thaifeadadh, agus *Rising Tides: Ireland's Future in a Warmer World* (Earth Horizon), sraith i dtrí chuid ina ndearna an t-iriseoir Philip Boucher-Hayes iniúchadh ar thionchar na géarchéime aeráide agus ar bhealaí lena réiteach. Fuair na tionscadail seo tacaíocht ó scéim Fuaim agus Fís Choimisiún na Meán.

Leanadh de bheith ag cur leis na saothair dhrámaíochta ar RTÉ in 2024. I mí Feabhra, chuir an lucht féachana an-fháilte roimh Blackshore, dúrún dúnmharaithe i sé chuid ó Treasure Entertainment, an fhoireann ónar tháinig an tsraith iomráiteach Smother. I mí Mheán Fómhair, chuir *The Boy That Never Was* ó Subotica, mistéir a bhaineann le lánúin atá ag déileáil le bás a mic, an lucht féachana faoi gheasa. Bhí an-bhaint ag ábhar drámaíochta RTÉ leis an bhfás a tháinig ar an RTÉ Player i rith na bliana.

Ceann de na príomhchúiseanna gur éirigh chomh maith sin le RTÉ in 2024 is ea gur tugadh ar ais seónna móréilimh a bhfuil sé de chumas acu tionchar a imirt ar iompar an lucht féachana. Chuir *Dancing With the Stars* (ShinAwiL) agus *Room to Improve* (Coco Content) an-tús leis an mbliain, agus d'éirigh thar barr le *The Case I Can't Forget* (Rare TV / Green Inc) agus *Cheap Irish Homes* (Cameo Productions) sa dara leath den bhliain. Tá an-mhianach i gcuid de na sraitheanna a chonacthas den chéad uair in 2024, mar shampla *On The Beat* (Oddboy Media) agus *The Complaints Bureau* (indiepics), agus tá siad athchoimisiúnaithe le haghaidh sraitheanna eile amach anseo.

Bliain mhaith ab ea 2024 do Dhrámaíocht RTÉ. D'fhág meascán de chomhléiriúcháin agus léiriúcháin a bhí coimisiúnaithe go neamhspleách, go raibh rogha breá de shraitheanna drámaíochta éagsúla ag an lucht féachana in Éirinn i rith na bliana ar fad.



*The Boy That Never Was*

An bhliain 2025 ina tús, tá go leor sraitheanna nua á léiriú, rud a fhágann go bhféadfaidh lucht féachana RTÉ a bheith ag súil le réimse leathan de dhrámaíocht ar an teilifís agus ar an RTÉ Player.



*Hidden Assets*

**RTÉ One**

Tá RTÉ One tar éis an stádas atá aige mar an phríomhchainéal teilifíse in Éirinn a bhuanú agus tá sé fanta chun cinn ar gach iomaitheoir eile i rith an ama. Is é an chéad rogha é mar a bhaineann le cúrsaí nuachta agus cúrsaí reatha iontaofa, agus déanann sé clúdach críochnúil ar féidir brath air. Ach tá níos mó i gceist le RTÉ One ná cúrsaí nuachta; tugann sé an náisiún le chéile le meascán bríomhar de shiamsaíocht bheo, drámaíocht mhealltach, agus greann aoibhinn. Ní hamháin go gcuireann an gréasán saibhir seo de chláracha siamsaíocht ar fáil, ach cothaíonn sé dlúthchaidreamh sa phobal freisin, rud a fhágann go bhfuil RTÉ One ina chuid lárnach de shaol cultúrtha na hÉireann.

**Drámaíocht**

Bliain mhaith ab ea 2024 do Dhrámaíocht RTÉ. D'fhág meascán de chomhléiriúcháin agus léiriúcháin a bhí coimisiúnaithe go neamhspleách, go raibh rogha breá de shraitheanna drámaíochta éagsúla ag an lucht féachana in Éirinn i rith na bliana ar fad.

I measc na gcomhléirithe bhí an dara sraith den dráma faoi fhuadach *The Gone* (Keeper Pictures / Kingfisher Films) agus sraith 2 de *The Dry* (Element Pictures) i gcomhar le ITVX.

Chabhraigh an fhoireann a chruthaigh *Smother* (Treasure Entertainment) linn tús maith a chur le 2024 le *Blackshore* (Treasure Entertainment), agus baile beag gafa le fuadach agus dúnmharú, agus rúin agus bréaga a bhí i bhfolach le fada á nochtadh ar deireadh thiar. Lisa Dwan atá sa bpríomhpháirt, agus is iad Rob Walpole agus Rebecca O'Flanagan as Treasure Entertainment a léirigh *Blackshore*. Is é Daithí Keane a bhí i mbun stiúrtha agus is í Kate O'Riordan a chruthaigh an tsraith.

I bhFómhar 2024 bhí *The Boy That Never Was* (Subotica) ar ár scáileáin, scéal a bhrisfeadh do chroí faoin mbrón, faoin gcaillteanas agus faoin dóchas, a d'fhulaing lánúin óg as Éirinn a ndeachaigh a leanbh ar iarraidh agus iad thar lear. Agus é bunaithe ar úrscéal de chuid Karen Perry leis an teideal céanna, spreag ábhar an scéil go leor ceisteanna morálta agus nochtadh an scéal ar bhealach corraitheach a chuirfeadh iontas ort. Arna léiriú ag Tristan Orpen-Lynch agus Aoife O'Sullivan do Subotica, is iad Colin Morgan, Toni O'Rourke, Kerr Logan agus Simon Callow atá sna príomhpháirteanna sa tsraith seo ina bhfuil ceithre chlár. Ba í Jo Spain a scríobh *The Boy That Never Was*, agus ba í Hannah Quinn a stiúraigh é.

Agus an bhliain 2025 ina tús, tá go leor sraitheanna nua á léiriú, rud a fhágann go bhféadfaidh lucht féachana RTÉ a bheith ag súil le réimse leathan de dhrámaíocht ar ardchaighdeán ar an teilifís agus ar an RTÉ Player.

Tá sraith 3 de *Hidden Assets* (Saffron Moon) againn, atá suite anois i Bilbao; *The Walsh Sisters* (Metropolitan Films); tosóidh *These Sacred Vows* (Treasure Entertainment), a scríobh agus a stiúraigh John Butler, in Earrach 2025; agus déanfar an scannánú ar shraith 3 de *The Dry* (Element Pictures) i Samhradh 2025.

Is iad na réaltaí arís eile atá sa tríú sraith de *Hidden Assets*, Nora Jane Noone, Aaron Monaghan agus Cathy Belton. Leanann an tsraith seo imscrúduithe Aonad Gardaí CAB na hÉireann, agus iad ag iarraidh an méid a ghnóthaigh coirpigh de chuid na hÉireann go neamhdhleathach a ghabháil. Cuireadh tús le léiriú Shraith 3 i mí Eanáir 2025 agus déanfar an scannánú ar an láthair in Éirinn agus sa Spáinn.

Is iad Siobhan Bourke agus Kathryn Lennon ó Saffron Moon léiritheoirí *Hidden Assets* in éineacht le comhpháirtithe infheistíochta ó Acorn, Fís Éireann, Screen Flanders, Streamz agus Mediafonds sa Bheilg agus Facet 4 i gCeanada, agus DCD Rights mar chomhpháirtí dáileacháin idirnáisiúnta. Don séasúr seo freisin tá ionchur airgeadais ón gcraoltóir

de chuid na Spáinne EITB agus ó Bizkaia Tax Credit, chomh maith le BBC Four. Scríobh Peter McKenna, Susan Connolly, Cara Loftus, Mary Fox agus Marty Thornton Sraith 3, le Kadir Ferati Balci ag filleadh mar stiúrthóir.

Beidh Mia Mullarkey ina stiúrthóir freisin, tar éis chomh maith agus a d'éirigh léi *Wrapped* a thabhairt chun críche le haghaidh *Storyland* in 2023. Tháinig Mary Fox agus Marty Thornton trí phróiseas *Storyland* RTÉ freisin in 2017 sula raibh siad aitheanta sa tionscal. Mar gheall go bhfuil an-tóir i gcónaí ar *Hidden Assets* tá Sraith 4 á forbairt cheana féin.

In 2025 fillfidh an clár grinn dorcha *Obituary* (Tua Films) ar ár scáileáin agus is in iarthar na hÉireann atá sraith 2 lonnaithe. Tá an dúnmharfóir sraitheach Elvira Clancy fós saor agus a saol ag éirí níos casta nuair a fhilleann muid ar Kilraven chun a fháil amach cé a gheobhaidh a bhfuil tuilte acu. Is iad Rachel Carey (*Deadly Cuts*) agus Gary Shore (*Dracula Untold*) atá i mbun stiúrtha ar an tsraith seo. Is é Paddy Hayes atá ina léiritheoir arís agus is é an cruthaitheoir Ray Lawlor a scríobh an tsraith.

Tosófar ar an obair léiriúchán ar *These Sacred Vows* in Earrach 2025, agus scéal faoi ghrúpa Éireannach millte a théann thar fóir le gach drochnós agus iad ar bhainis i gceann scríbe saoire galánta. Beidh feall, briseadh croí, agus b'fhéidir fiú dúnmharú i gceist, agus an grúpa ag imeacht ó smacht faoi theas na gréine. Agus é á léiriú ag foireann Treasure Entertainment, is é John Butler (*The Outlaws, Handsome Devil*) a scríobhfaidh agus a stiúrfaidh an tsraith seo agus beidh na príomhpháirteanna ag Tom Vaughan Lawlor (*Love/Hate, Say Nothing*) agus ag Jason O'Mara (*Smother, The Man in the High Castle*).

Is cóiriú é *The Walsh Sisters* ar na leabhair de chuid Marian Keyes a bhfuil an-díol orthu go hidirnáisiúnta agus a dhíríonn ar chúrsaí grá chomh maith le cora casta an tsaoil mar a bhaineann le Rachel agus a teaghlach. Tabharfaidh Metropolitan Films (*KIN*) agus Cuba Pictures (*McMafia*) an saol seo is ansa linn chuig ár scáileáin agus Stefanie Preissner (*Can't Cope, Won't Cope*) ag scríobh na scripteanna agus neart aisteoirí nua cumasacha le feiceáil ar an scáileán i bpáirt na ndeirfiúracha as teaghlach Walsh.

Tá sé mar aidhm againn cur leis an rath a bhí orainn le déanaí agus leanúint ar aghaidh ag forbairt Léiriúcháin Neamhspleácha faoi úinéireacht na hÉireann, agus na saothair dhrámaíochta a bhíonn coimisiúnaithe againn a choinneáil ag imeacht go dtí 2026 agus níos faide.

### Siamsaíocht, Greann agus Ceol

Ar RTÉ One, tháinig *Dancing with the Stars* (ShinAwiL) ar ais i mí Eanáir in 2024. Bhuail fonn damhsa gach a raibh sa tír nuair a thosaigh an seachtú sraith den tonn siamsaíochta thar a bheith rathúil seo, agus na sluaite ag tiúnáil isteach le go ruaigfeadh an damhsa gruaim an gheimhridh. Bhí an lucht féachana an-tógtha arís leis na láithreoirí Jennifer Zamparelli agus Doireann Garrihy agus iad ag tabhairt bús sceitimíní agus galántacht chugainn gach seachtain ón mbálseomra. Thástáil na moltóirí Loraine Barry, Arthur Gourounlian agus ar ndóigh Brian Redmond foireann ar a raibh Rosanna Davidson, Laura Fox agus Blu Hydrangea, sular thug an buaiteoir bonn óir Parailimpeach Jason Smyth an liathróid ghealra abhaile leis.

Thosaigh an obair léirithe ar an dara sraith déag de *Ireland's Fittest Family* (Animo TV Productions) in 2024, agus é ag coinneáil a cháil mar thaispeántas siamsaíochta dúshlán teaghlaigh a bhfuil an-tóir air. É sin ráite, díreach agus an tsraith réidh le dul ar an aer tharla tragóid uafásach nuair a bhásaigh Cillian Flaherty, duine de na hiomaitheoirí óga, go tubaisteach. Chun ómós a thabhairt do Chillian agus meas a léiriú ar a theaghlach agus iad faoi mhéala, glacadh cinneadh gan an tsraith a chraoladh go dtí Eanáir 2025.

Tá sé mar aidhm againn cur leis an rath a bhí orainn le déanaí agus leanúint ar aghaidh ag forbairt Léiriúcháin Neamhspleácha faoi úinéireacht na hÉireann, agus na saothair dhrámaíochta a bhíonn coimisiúnaithe againn a choinneáil ag imeacht go dtí 2026 agus níos faide.



*Dancing with the Stars*

Thosaigh an obair léirithe ar an dara sraith déag de *Ireland's Fittest Family* in 2024, agus é ag coinneáil a cháil mar thaispeántas siamsaíochta dúshlán teaghlaigh a bhfuil an-tóir air.



*Ireland's Fittest Family*

Chuir Adare Productions seó nua siamsaíochta ar fáil i mí an Mhárta, a thug le chéile ár n-ardáin chraolta, agus réaltaí an chláir bricfeasta ar RTÉ 2FM á dtabhairt chuig an scáileán. Clár nua as an bpíosa 30 nóiméad a bhí sa *Full Irish Hidden Camera Show*, arna chur i láthair ag Doireann Garrihy, Donncha O'Callaghan agus Carl Mullan, a tharraing gnéithe den ghreann agus den imirt cleas traidisiúnta le chéile chun ábhar nua agus comhaimseartha a léiriú.

Ar *Songs of Ireland* (Dearg Films) chonaiceamar an siamsóir agus an ceoltóir Pat Shortt in éineacht le príomhamhránaí Stockton's Wing, Mike Hanrahan. Thug an tsraith an lucht féachana ar thuras bóthair ceoil timpeall na hÉireann, ag ceiliúradh ghréasán saibhir ceoil na hÉireann trí scata d'ealaíontóirí agus de sheánraí ilghnéitheacha a thabhairt le chéile. Agus scrúdú á dhéanamh ar chroílár oidhreacht cheoil na hÉireann, bhí daoine mór le rá le feiceáil ar an seó seo, ní hamháin ceoltóirí seanbhunaithe ach ceoltóirí atá ag teacht chun cinn freisin. Thug gach eagrán léargas domhain ar na scéalta atá taobh thiar de na hamhráin, agus na comhthéacsanna cultúir agus stairiúla a chuaigh i bhfeidhm orthu á bhfiosrú.

Sraith de chláracha faisnéise ab ea *The End of the World with Beanz* (Kite Entertainment / Frontline Films) a phlé cúrsaí comhshaoil ar bhealach tarraingteach agus é á óstáil ag an bhfear grinn, scríbhneoir, agus ball den Lucht Siúil, Martin Beanz Warde. Chíoraigh an tsraith seo na dúshláin phráinneacha a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus leis an ngníomhú ar son na haeráide a bhfuil Éire ag dul i ngleic leo faoi láthair, ar mhaithe le cuid den mhistéir a bhaint astu. Bhí Beanz ag obair le comhláithreoir difriúil gach seachtain - agus chaith sé tamall in áiteanna in aice láimhe agus i bhfad i gcéin, le daoine a bhfuil roghanna saoil as cuimse déanta acu ar mhaithe leis an bpláinéad.

D'fhill *The Tommy Tiernan Show* (Power Pictures) ar na scáileáin don ochtú sraith. Tá ag éirí leis an seó lucht féachana mór a mhealladh i gcónaí ar na hardáin go léir agus Tommy ag óstáil aíonna as gach aicme saoil i gclár atá leagtha amach sa chaoi is nach mbíonn a fhios aige cé hé an chéad duine eile a shiúlfaidh amach.

Tháinig Oliver Callan ar ais don léirmheas bliantúil ar an mbliain atá thart in *Callan Kicks the Year* (Wonky Chair Media). Chuir Oliver na carachtair is mó éileamh ó shaol na polaitíochta, na siamsaíochta agus an tsaoil phoiblí i láthair i léirmheas aorach gan srian gan cosc ar rudaí a tharla i rith na bliana.

**Cláracha Gaeilge**
Chuir rannóg inmheánach Chláracha Gaeilge RTÉ réimse uaillmhianach de shraitheanna nua agus sraitheanna a d'fhill orainn ar fáil in 2024, arna choimisiúnú ag RTÉ agus arna léiriú ag comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ó gach cearn d'Éirinn. Agus é ag comhoibriú go dlúth le Coimisiún na Meán agus leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge (CCG), d'éirigh le Cláracha Gaeilge RTÉ agus leis na léiritheoirí neamhspleácha seo réimse leathan de chláracha Gaeilge a chur ar an sceideal príomh-ama ar RTÉ One agus ar an RTÉ Player i rith na bliana.

Cuireadh tús leis an mbliain leis an gclár faisnéise conspóideach *The Irish for Sex* (Animo TV Productions) arna láithriú ag an mbean ghrinn Bláithín de Búrca. Thar thréimhse 50 nóiméad, thug an bhean ghrinn óg seo, a bhfuil cáil uirthi mar gheall ar na seónna grinn gáifeacha dátheangacha dá cuid, an lucht féachana ar thuras ríméadach isteach sa nGaeilge ar thóir na bhfocal is fiáine agus is scannalaí a dhéanfadh cur síos ar eispéireas na mban in Éirinn. Bhí cuid den chlár faisnéise seo thar a bheith barrúil agus tugadh léargas spéisiúil agus suntasach ann freisin ar an stair shóisialta agus agus ar an gcaoi a bhfuil an dearcadh atá againn ar chúrsaí gnéis ag athrú.

Chraol RTÉ *Pass It On: Sacar na mBan* (Mind the Gap Films), sraith bhreathnóireachta i gceithre chuid arna n-insint ag Peter Coonan, a bhfuil cáil air mar gheall ar a róil i *Love/Hate* agus *KIN*. Lean an tsraith péire de na foirne sacair ban is fearr in Éirinn agus iad san iomaíocht don chraobhchomórtas, chomh maith le Galway United, a bhí tar éis ardú céime

Sraith de chláracha faisnéise ab ea *The End of the World with Beanz* a phlé cúrsaí comhshaoil ar bhealach tarraingteach agus é á óstáil ag an bhfear grinn, scríbhneoir, agus ball den Lucht Siúil, Martin Beanz Warde.



*The End of the World with Beanz*




*Callan Kicks the Year*



*Pass It On: Sacar na mBan*

a fháil agus a bhí ar a ndícheall a thaispeáint go raibh siad níos fearr ná mar a ceapadh a bhí siad. Léiríodh an tsraith le tacaíocht ó Choimisiún na Meán, agus thaitin sí leis an lucht féachana.

Sraith nua ceithre chlár ab ea *Kayak Ó Thuaidh* a léirigh Macha Media agus inar thug na cadhcálaithe gan aon taithí, Tessa Fleming agus Irial Ó Ceallaigh, faoi chadhcáil éachtach a dhéanamh san Atlantach. Agus aerghrianghrafadóireacht iontach ann de chósta galánta thuaisceart na hÉireann, lean an tsraith an bheirt agus iad ag déanamh a mbealach ar muir ó iarthuaisceart Dhún na nGall go cósta thoir thuaidh Aontroma.



*Kayak Ó Thuaidh*

Tháinig RTÉ, Coimisiún na Meán agus ROSG le chéile chun tacú le ceithre chlár faisnéise shuntasacha uair an chloig ina deineadh ceiliúradh ar 'fhéilte tine' ársa na hÉireann in *Na Féilte Tine.* Rinne an chéad cheann díobh seo, a craoladh i mí Dheireadh Fómhair 2024, iniúchadh ar an miotaseolaíocht agus ar an stair shóisialta atá taobh thiar den chaoi a ndéanaimid ceiliúradh ar an tSamhain, nó Oíche Shamhna. Beidh trí chlár eile le feiceáil i rith 2025: *Imbolg* ina gcuirtear fáilte roimh an Earrach, Bealtaine chun tús an tSamhraidh a cheiliúradh agus Lúnasa chun a fhógairt go bhfuil Fómhair tagtha.




*Na Féilte Tine*

I mí na Nollag 2024, chraol RTÉ *La Vie Sa Bhruiséil* (Dearcán Meadia), sraith i dtrí chuid a rinneadh le tacaíocht ón CCG agus inar deineadh staidéar ar shaol mhuintir na hÉireann sa Bhruiséil, ó chonairí na cumhachta i bParlaimint na hEorpa go dtí páirceanna gnóthacha CLG atá i gcroílár cheann de phríomhchathracha fuadracha na hEorpa.

In 2025 craolfar roinnt sraitheanna agus cláracha aonair de chuid Chláracha Gaeilge RTÉ a coimisiúnaíodh agus a rinneadh in 2024.

In *Vótáil* (Kite Entertainment / Buckshee Films) breathnaítear siar ar chuid de na holltoghcháin a mhúnlaigh sochaí na hÉireann le 50 bliain anuas agus ar an gcaidreamh grá/gráin atá ag muintir na hÉireann lena n-ionadaithe tofa. Arna cur i láthair ag Cormac Ó hEadhra ó RTÉ, le hionchur ó iriseoirí polaitiúla agus staraithe ó gach cearn den oileán, is léiriú greannmhar, tráthúil agus géarchúiseach atá sa tsraith chartlainne seo ar an gcaoi a mbíonn, ar an drochuair, an athstair ann nuair a thagann sé go dtí stair na polaitíochta.

Téann traidisiún na hiascaireachta siar na mílte bliain ar an náisiún oileánda seo. Chaith Red Shoe Productions, atá lonnaithe i bPort Láirge, cuid mhaith de 2024 ag déanamh *Tarrac na Farraige*, sraith faisnéise shuntasach faoi phobal iascaireachta na hÉireann, ina bhfuil ceithre chlár, agus craolfar é in Earrach na bliana 2025. Leanann an tsraith iontach seo scipéir ghairmiúla, úinéirí bád agus iascairí thar thréimhse bliana, le linn aimsir bhreá agus droch-aimsir, agus iad ag tabhairt a ngabháil abhaile. Clúdaítear os cionn 3,000km in uiscí na hÉireann i mbáid bheaga agus i mbáid mhóra a thagann as gach cuid den oileán, agus tá sé mar aidhm ag an léiriú scannánaíochta álainn seo scéal phobal iascaireachta na hÉireann a insint tráth a bhfuil an-athrú agus an-éiginnteacht ag baint leis.



*Tarrac na Farraige*

Ár stair mar a bhaineann leis an gceol an t-ábhar atá á phlé in *An Leabhar Nótaí*, sraith nua ina bhfuil sé chlár a rinne Red Shoe Productions, agus atá a chur i láthair ag Imelda May agus atá cómhaoinithe ag Coimisiún na Meán. Ar an turas cultúir eipiciúil seo, leanfaidh Imelda May lorg cuid de na bailitheoirí amhrán is mó le rá in Éirinn. Tá sé mar sprioc aici beocht nua a chur i gcuid dár n-amhráin tíre a bhí ligthe ndearmad – agus, tar éis di deich mbliana a chaitheamh ina himirceach i Londain, teacht athuair ar a hoidhreacht mar a bhaineann le ceol na hÉireann.

Tá Big Mountain Productions chun an dara sraith den tsraith mhóréilimh *Réaltaí Na Gaeltachta* a chur ar fáil in 2025, arís le tacaíocht ó Choimisiún na Meán. Thaitin an chéad tsraith, inar cuireadh cúigear Éireannach a bhfuil aithne mhaith orthu chun na Gaeltachta le Gaeilge a fhoghlaim, thar cionn leis an lucht féachana chomh maith leis na léirmheastóirí. An babhta seo beidh an t-aisteoir as *Young Offenders* Hilary Rose, an láithreoir agus an dearthóir Brendan Courtney, an réalta ceoil Toshín, an réalta rugbaí Erin King agus Owen Colgan as Hardy Bucks ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge i




*Realtaí Na Gaeltachta*

nGaeltacht aoibhinn na Rinne i gCo. Phort Láirge. Rinneadh scannánú ar an tsraith in 2024 agus craolfar í le linn Sheachtain na Gaeilge 2025.

Tá sé mar chuspóir ag *An Ghig Mhór*, clár ceoil ina shé chuid ar a bhfuil struchtúr nua atá á mhaoiniú ag RTÉ agus ag Coimisiún na Meán agus á léiriú ag an léiritheoir neamhspleách Cian Mac Carthaigh, deis a thabhairt do bhannaí ceoil nua foghlaim faoin gcaoi le gig a chur ar stáitse agus poiblíocht a fháil di le cabhair ó thaibheoirí ag a bhfuil níos mó taithí. I ngach clár caithfidh ceoltóir nó banna ceoil atá ag teacht chun cinn dul i ngleic leis an dúshlán gig an-speisialta a eagrú ina mbaile dúchais le tacaíocht ó cheoltóir cáiliúil de chuid na háite. Leanfaidh an tsraith an chaoi a mbítear thuas seal thíos seal agus gig mhór á reáchtáil agus tabharfaidh sé léargas ar an obair gan phá a chaithfidh ceoltóirí a dhéanamh le go n-éireoidh leo.

D'oibrigh RTÉ agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge le chéile go rathúil le blianta fada chun ábhar nuálach Gaeilge a chur ar fáil don lucht féachana buaic-ama. In 2024 tugadh cead, le tacaíocht ón gciste, do roinnt tionscadal nua agus do thionscadail atá ag filleadh mar seo a leanas.

Tabharfaidh Below the Radar Films *Cailíní Comhraic* chuig ár scáileáin in 2025. Sraith faisnéise breathnóireachta i dtrí chuid atá anseo a leanann trodaithe mná de gach cumas i dtimpeallacht rathúil na n-ealaíon comhraic in Éirinn.

Tá an tsraith feirmeoireachta móréilimh *Saol na Feirme* ar ais don dara sraith. Rinneadh an scannánú i rith 2024, bliain a bhí dúshlánach don fheirmeoireacht, agus leanann sé táirgeoirí grán agus glasraí agus feirmeoirí caorach agus beostoic agus iad ag dul i ngleic leis an earrach, an samhradh agus an fómhar ba fhliche dá raibh againn leis na blianta.

Cuirfidh Strident Media an tríú sraith den tsraith athlonnaithe móréilimh *Bog Amach* ar fáil in 2025. Sa chlár sé eipeasóid seo, téann an láithreoir Emer Mhic an Fhailí in éineacht le seisear atá ag cuardach tí agus iad ag lorg slí mhaireachtála nua i gcuid de na háiteanna is deise agus is mó éileamh ar an oileán. Is sraith faisnéise nua agus mealltach i nGaeilge í *Scéalta na Lochanna*, atá á léiriú ag Strident Media freisin. Rinneadh an scannánú ar an dá loch is mó in Éirinn agus timpeall orthu – Loch Coirib agus Loch nEathach. Rinneadh scannánú thar bhliain iomlán, agus scrúdaítear sa tsraith na tionscail agus an fhostaíocht, an fhóillíocht agus na héiceachórais a gcuidíonn na Lochanna seo leo, chomh maith leis an seanchas agus na finscéalta a spreag siad, agus an fiadhúlra éagsúil a mhaireann iontu tráth a bhfuil athruithe nach bhfacthas riamh cheana ag tarlú.

Is é an damhsóir, córagrafaí agus fear acadúil Breandán De Gallaí ábhar an chláir *Dance Master*, clár faisnéise ealaíon nua aonuaire ó Pounce Pictures le tacaíocht ón ILBF. Bhain De Gallaí clú agus cáil amach mar churadh rince céime, agus é sa deireadh i mbróga Michael Flatley i Riverdance. Ach in áit glacadh leis na srianta a bhaineann leis an bhfoirm ealaíne, roghnaigh de Gallaí na teorainneacha a shárú, agus é ag meascadh an traidisiúin leis an nuálaíocht chun damhsa na hÉireann a mhúnlú ar bhealach nua agus é a thabhairt isteach sa réimse damhsa idirnáisiúnta níos leithne.

Sa bhliain 2024 a rinneadh *Halloween: An Ancient Mystery* (Tile Films) agus is comhléiriúchán é idir RTÉ agus an craoltóir seirbhíse poiblí Eorpach ARTE le tacaíocht ó Tourism Ireland. Tabharfaidh an clár faisnéise uaillmhianach seo atá ina dhá chuid an lucht féachana ar thuras siar agus isteach in Éirinn ársa, faightear amach faoin mbunús atá le hOíche Shamhna agus seandálaithe ag tochailt ar an suíomh a chreideann siad a spreag an traidisiún ina gcreidtear go 'dtrasnaíonn' na mairbh isteach inár saol ar feadh oíche amháin gach bliain.

D'oibrigh RTÉ agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge le chéile go rathúil le blianta fada chun ábhar nuálach Gaeilge a chur ar fáil don lucht féachana buaic-ama.




*Cailíní Comhraic*



*Bog Amach*



*Scéalta na Lochanna*

Chomh maith leis sin, i measc na gclárachta a ceadaíodh in 2024 agus a bhfuiltear i mbun léirithe orthu nó a bheidh i mbun léirithe in 2025 tá: an dara sraith den chlár ceoil móréilimh *Seisiún* le Hedgerow Films agus *Saol an tSaorálaí*, sraith faisnéise breathnóireachta éadrom, aisteach de chuid Imagine Media Productions ina leantar oibrithe deonacha spóirt in Éireann.

### Cláracha Fíorasacha

### Cláracha agus Sraitheanna Faisnéise

In 2024, d'éirigh leis na cláracha fíorasacha ardleibhéil, tarraingteacha a imríonn tionchar, lucht féachana príomh-ama na hÉireann a mhealladh i rith an ama. Thosaigh an bhliain amach go maith le *Room to Improve* (Coco Content) mar rogha na coitiantachta i gcónaí ar oícheanta Domhnaigh. Dhírigh *Operation Transformation* (Vision Independent Productions) agus an podchraoladh a théann leis, ar chúrsaí sláinte agus folláine, agus shroich siad pobail ar fud na tíre.

D'fhás an spéis a bhíonn sna cláracha réadmhaoine, agus Hugh Wallace ag filleadh i sraith ceithre chuid de *Great House Revival* (Animo TV Productions), chun úinéirí tí a thaispeáint ag athchóiriú foirgnimh thréigthe isteach ina dtithe compordacha, sa chaoi is go raibh an oidhreacht ailtireachta caomhnaithe. Sa tsraith seo chonaiceamar tithe ó Chorcaigh go Loch Garman, á n-athrú ó bhonn, ina measc teach scoile, teach baile mór, teachín ministir agus teach muintire ó na 1870idí. Sa chlár *Dermot Bannon's Incredible Spaces* (Coco Content), tugadh faoi iniúchadh a dhéanamh ar spásanna nuálacha le bheith ag maireachtáil, ag obair agus ag casadh le chéile iontu, ó athchóirithe áille go dtí tithe coimeádáin beaga.

Tharraing dhá chlár faisnéise eisceachtúla aird ar na scéalta a bhaineann le beirt Sheáin. Lean *Birdsong* (True Films) an t-éaneolaí Seán Ronayne as an gCóbh, i gCo. Chorcaí, agus é ag iarraidh gach speiceas éin in Éirinn a thaifeadadh, agus thuill sé moladh ar leith ag na Jackson Wild International Media Awards. Rinne *Murder of a GAA Chairman* (Fine Point Films) cur síos ar theaghlach Brown agus iad ar thóir an cheartais tar éis do pharaimíleataigh dhílseacha Seán Brown a fhuadú agus a mharú i 1997 agus iad ag iarraidh dul i ngleic le ceisteanna nach bhfuair siad freagra riamh orthu agus an spriocdháta a bhain leis an *Acht Oidhreachta* ag teannadh leo.

Lean RTÉ Factual ar aghaidh ag plé le hábhair atá dúshlánach. Thug *Jackie and Coco* (Atom Films) léargas dúinn ar an bhfeachtas rathúil a bhí ag Jackie Fox go ndéanfaí coir den chibearbhulaíocht, tar éis dá hiníon lámh a chur ina bás féin. Rinne Anorexia, *My Family and Me* (Alleycats tv), agus Angela Scanlon ag tráchtaireacht, cur síos ar thrí cinn de theaghlaigh atá ag fulaingt de bharr an tionchair a bhíonn ag an neamhord itheacháin uafásach seo. Bhí an fear grinn PJ Gallagher ag plé cúrsaí meabhairshláinte i *PJ Gallagher: Changing My Mind* (Tyrone Productions), clár faisnéise macánta lán le greann agus misneach. Níor chuir an scannán macánta seo fiacail ann agus é ag féachaint go réadúil ar iarrachtaí na hÉireann ar son na meabhairshláinte.

Thug *Stolen* (Wildfire Films) guth dóibh siúd a bhí coinnithe ina dtost i bhfad rófhada, agus ardán á thabhairt dóibh le go bhféadfaidís labhairt faoina dtaithí ar árais máithreacha agus páistí na hÉireann. Ba cheart go mbreathnódh pobal uile na hÉireann ar an toradh a bhí air seo.

Scannán eile a thugann aghaidh ar an gcaoi a gcaitear le mná in Éirinn is ea *Housewife of the Year* (Little Wing Films). Craolfar é in 2025, agus insíonn sé an scéal trí chomórtas teilifíse uathúil, osréalaíoch, beo, áit a raibh glúin de mhná as Éirinn san iomaíocht don teideal 'Bean Tí na Bliana'. Insíonn iar-iomaitheoirí dúinn faoina dtaithí pearsanta ar an gcosc pósta, easpa frithghiniúna, na neachtlanna Magdalene, laige ó thaobh airgid de, leadrán, náire chomh maith leis an tréimhse a chaith siad sa chomórtas. Agus é á chomhléiriú le roinnt craoltóirí de chuid na hEorpa agus le tacaíocht ó Choimisiún na Meán agus Fís Éireann, leagann an scannán seo béim ar ghlúin ban a bhfuil teacht aniar iontu agus ar an ról atá acu ó thaobh athruithe ar an tír a bhrú chun cinn.



*Seisiún*



*Room to Improve*

In 2024, d'éirigh leis na cláracha fíorasacha ardleibhéil, tarraingteacha a imríonn tionchar, lucht féachana príomh-ama na hÉireann a mhealladh i rith an ama.



*PJ Gallagher: Changing My Mind*

Is i saol iomaíoch an ghárthóra molta in Éirinn atá *Eat/Sleep/Cheer/Repeat* (Marmalade Films) suite. Leanann an scannán spreagúil seo faoi theacht in inmhe, ag a bhfuil tacaíocht ó Choimisiún na Meán agus ó Fhís Éireann, lúthchleasaithe óga idir mhná agus fhir atá ar fhoireann gárthóirí molta na hÉireann. Déantar iniúchadh dlúthphearsanta ar théamaí a bhaineann le hinscne, neart, feidhmíocht agus gnéasacht chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le bheith ag teacht in inmhe i saol an lae inniu.



*Eat/Sleep/Cheer/Repeat*

Sa chlár *Life in a Million Adverts* (Midas Productions) chaith an t-ailtire Róisín Murphy súil ar shaol suimiúil na margaí ar líne, áit a bhfuil tú in ann beagnach rud ar bith a cheannach agus a dhíol.

Ar theacht an earraigh bhí *Raised by the Village* (Waka TV) ar ais againn. I ngach ceann de na ceithre eipeasóid teastaíonn idirghabháil go dóite ó dhá theaghlach sa chathair a bhfuil a gcuid déagóirí imithe ó smacht orthu. Tá an clár seo ábhartha d'aon tuismitheoir in Éirinn a bhí riamh ag déanamh iontais an ndéanfadh sé aon difríocht dá mbeadh á bpáistí á dtógáil acu i dtimpeallacht ina bhfuil an saol níos moille, agus an pobal níos lárnaí. Is cuma an ag caoineadh nó ag gáire a chuir sé iad, bhí an lucht féachana an-tógtha leis an gclár mothúchánach, thuas seal thíos seal, seo tráthnónta Domhnaigh.


*Raised by the Village*

I mbliain a raibh dhá thoghchán againn, lean *The Locals* (Fourth Wall TV Productions) ceann de na toghcháin áitiúla ba dhrámatúla i lár chathair Bhaile Átha Cliath, agus 19 iarrthóir san iomaíocht le haghaidh seacht suíochán. Rinneadh iniúchadh ar an rás trí shúile na n-iarrthóirí agus an lucht vótála ar an talamh, agus léargas nach bhfacthas cheana á thabhairt ar an gcaoi a n-oibríonn an daonlathas ag an leibhéal áitiúil.

Tá Fíorasach RTÉ ag tabhairt tosaíochta i gcónaí do shraitheanna rochtana. Thug *On The Beat* (Oddboy Media) an lucht féachana taobh thiar de na deasca fáiltithe, isteach i ngluaisteáin patróil agus amach ar an mbóthar le póilíní túslíne. Bhí an scannánú ar siúl ar feadh trí mhí agus leag na trí eipeasóid béim ar na dúshláin agus na fadhbanna a bhaineann leis an bpóilíneacht in Éirinn, ní hamháin sna cathracha ach faoin tuath chomh maith. Ón gcoireacht sráide agus glaonna a bhaineann le meabhairshláinte go dtí aghaidh a thabhairt ar choirpigh atá foréigneach nó fíochmhar, níl aon 'ghnáthlá san oifig' ann do na fir agus na mná atá i bhfórsa póilíneachta na hÉireann.


*On The Beat*

Tá ról lárnach ag an nGarda Síochána (AGS) freisin i *The Case I Can't Forget* (Rare TV / Green Inc), áit a dtugann na príomhbhleachtairí muid faoi choim agus iad ag plé coireanna atá i mbéal an phobail. D'fhill an tsraith seo le scéalta corraitheacha, lena n-áirítear an 'ATM heist', an chéad chiontú in Éirinn a bhain le 'gáinneáil ar dhaoine' agus clár speisialta in dhá chuid faoi na sár-iarrachtaí a rinne an AGS 'an Ginearál' a aimsiú.

Bhí na Deartháireacha Brennan ar ais i bhfómhar na bliana seo le sraith nua de *At Your Service* (Waddell Media). An séasúr seo chabhraigh siad le teaghlach i dTrá Lí a bhí ag tógáil óstáin dá gcuid féin agus ag tosú gnó; roinn siad a gcuid saineolais maidir le tearmann i mBaile Mhistéala ina mbíonn fáilte roimh mhadraí; ba bheag nár mhill siad aisling faoi Spá i gContae Chorcaí; agus bhí siad ar bhainis ar thrá nua-thógtha i gContae Laoise.


*At Your Service*

Chun clabhsúr a chur leis an mbliain, bhí clár faisnéise ciúin tarraingteach againn *So This Is Christmas* (Venom Films) inar roinneadh na scéalta a bhí ag grúpa ar leith agus iad ag dul i ngleic le dúshláin agus le haoibhneas na Nollag. Tugadh an tionscadal seo chuig ár scáileáin le tacaíocht ó RTÉ, Coimisiún na Meán, Fís Éireann agus Creative Europe.

Tá ábhar níos siamsúla agus níos tarraingtí fós á ghealladh do lucht féachana na hÉireann in 2025. Beidh Siobhan McSweeny ina láithreoir ar leagan na hÉireann den fhormáid teilifíse a bhfuil an oiread ratha

air go hidirnáisiúnta *The Traitors Ireland* (Kite Entertainment). Sa tsraith seo, tiocfaidh 22 iomaitheoir chuig caisleán iargúlta chun cluiche a imirt a bhaineann le caiméiléireacht, sceitheadh agus iontaoibh.

Is é *Michael Lynn: The Fugitive* (Fine Point Films) an chéad sraith faisnéise in dhá chuid a bheidh againn in 2025. Sa tsraith dhá chuid *The Skinny Jab Revolution* (Aquarius Productions) déanfaidh Kathryn Thomas iniúchadh ar an gcaoi a bhfuil ardú ag teacht in Éirinn ar an éileamh atá ar dhrugaí chun meáchan a chailleadh agus an tionchar atá aige seo ar an tsochaí. Sraith eile in dhá chuid is ea *Turbulence – The Story of Ryanair* (Animo TV Productions), ina ndéantar scrúdú ar na gcaidreamh thuas seal thíos seal atá againn le Ryanair agus an bealach ar athraigh sé cúrsaí aerthaistil chomh maith leis an gcaoi a mbíonn muintir na hÉireann ag plé leis an domhan mór.

I réimse na fíorchoireachta, insítear in *Bad Nanny* (Alleycats tv) scéal an chaimiléara shraithigh Samantha Cookes, a chaith an chuid is mó dá saol ag ligean uirthi féin gur duine eile a bhí inti, agus déanfaidh *Fraudsters* (Animo TV Productions), sraith fíorchoireachta eile, iniúchadh ar chásanna a bhain le coireacht an bhána bháin agus a tharraing an-aird in Éirinn.

Bliain thragóideach ab ea 2024 ar bhóithre na hÉireann, agus 174 duine maraithe. In *Impact* (Tyrone Productions) pléitear cás uafásach na dtimpistí gluaisteán, agus é ag díriú ar thimpiste ar leith. Insítear an scéal ó pheirspictíochtaí éagsúla, lena n-áirítear iad siúd sna carranna, na chéad fhreagróirí, na Gardaí, na dochtúirí, an cróinéir, agus na gaolta a fuair an scéal tubaisteach.

In *Ray Goggins: Adventures* (Diffusion Media), tugann an t-eachtránaí agus saighdiúir sna fórsaí speisialta Ray Goggins daoine cáiliúla de chuid na hÉireann a bhfuil aithne mhaith orthu ar eachtraí amuigh faoin aer i gcuid de na timpeallachtaí is sceirdiúla dá bhfuil ann. Is cinnte go dtugann Ray dóthain le déanamh dóibh agus an dúshlán is mó ar bith tugtha aige dóibh ó thaobh marthanais agus teacht aniar.

Leanann *Brendan O'Connor's EmployABLE* (Tyrone Productions) grúpa tarraingteach agus éagsúil de dhaoine óga atá faoi mhíchumais éagsúla agus iad ag cur deireadh le constaicí a bhaineann le fostaíocht, ag sárú claontachtaí agus ag cruthú go bhfuil siad an-acmhainneach.

Sraith bhreathnóireachta is ea *Footballing Families* (ShinAwiL) a leanann Club Peile agus Acadamh Shelbourne, ag tabhairt ardáin don réimse leathan de réaltaí sacair atá ag teacht chun cinn ar an bpáirc agus taobh amuigh di.

**Cláracha Fíorasacha Móréilimh agus Cláracha Fíorasacha Siamsaíochta**
Cuireadh tús maith leis an mbliain nuair a thosaigh *Inside Penneys* (Motive Television), sraith bhreathnóireachta a thug an lucht féachana faoi choim le féachaint ar cheann de na brandaí faisin is mó ar domhan. Rinne an tsraith seo iniúchadh ar an gcaoi a ndearna miondíoltóir beag de chuid na hÉireann dul chun cinn ón tús measartha beag a bhí aige nó go raibh sé ina cheannródaí domhanda. Thar sé eipeasóid, chuala an lucht féachana lear mór scéalta, ó urlár an tsiopa go dtí an cheannoifig, gan trácht ar oscailt siopaí nua i Nua-Eabhrac agus san Iodáil.

Thug an tsraith do thomhaltóirí *The Complaints Bureau* (indiepics) formáid úr isteach ina raibh Eoin Magee i gceannas ar fhoireann d'iriseoirí tomhaltóra chun réiteach a fháil ar ghearáin an lucht féachana. Gach seachtain, chuaigh Conor Pope, Siobhan Maguire agus Amy Molloy i ngleic le fadhbanna éagsúla, agus cearta na dtomhaltóirí á gcur i bhfeidhm acu thar ceann na ngearánaithe.

Thug *Manchán's Europe by Train* (Tyrone Productions) tuairisc ar an turas traenach a rinne an scríbhneoir taistil ar fud na hEorpa. Agus os cionn 30 bliain de thaithí aige ar an scríbhneoireacht taistil, shocraigh Manchán Magan go roghnódh sé an taisteal traenach mar bhealach lena thionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Lean an tsraith a chuid eachtraí agus é ag dul ó Phrág go Zagreb agus ó Amstardam go Búdaipeist, rud a fhágann go raibh na turais féin chomh suntasach leis na cinn scríbe.


*The Skinny Jab Revolution*


*So This Is Christmas*


*Michael Lynn: The Fugitive*


*Inside Penneys*

D'fhill Maggie Molloy le *Cheap Irish Homes* (Cameo Productions), agus an lucht féachana tugtha aici ar thuras náisiúnta chun teacht ar na margaí is fearr atá ann ó thaobh na dtithe atá á ndíol, chomh maith le scéalta inspioráideacha a insint maidir le hathchóiriúcháin. Thug an tsraith seo a bhfuil an-tóir uirthi comhláithreoir nua, Kieran McCarthy, isteach freisin, a bheidh ina óstach ar shraith nua dá chuid féin, *Retrofit Nation* (Cameo Productions), chun iniúchadh a dhéanamh ar an iarfheistiú domhain agus ar an athchóiriú ar fhuinneamh tí.

Sa tsraith taistil shiamsúil *High Road Low Road* (Green Inc), chuaigh beirt mór le rá ag taisteal thar lear, duine acu ag fanacht i lóistín só agus an duine eile ag taisteal ar bhuiséad. Bhain an-spraoi lena fháil amach cé acu a chríochnaigh suas i mbrú agus cé a d'fhan in óstán 5 réalta.

Ag leanúint ar aghaidh le téama an taistil, d'fhiafraigh *Best Place to Be* (Animo TV Productions) an glas iad na cnoic i bhfad uainn i ndáiríre. Thaistil Baz Ashmawy tríd an Eoraip, ag bualadh le heasaoránaigh de chuid na Éireann agus ag fáil amach an raibh na tíortha nua ina bhfuil siad ar na háiteanna is fearr le maireachtáil iontu i ndáiríre.

D'fhill *Keys to My Life* (Waka TV) le hochtar cáiliúil eile, ag tabhairt léargais ar na háiteanna agus ar na tithe a mhúnlaigh a saol agus a chruthaigh a bhféiniúlacht.

Bhí séasúr maith arís ag *Home of the Year* (ShinAwiL) agus na moltóirí Hugh, Amanda agus Sarah ag taisteal ar fud na hÉireann ar thóir na foirfeachta ó thaobh dearaidh de. Thug siad ardán do chuid de na tithe is deise sa tír.

I mí Bealtaine, bhí sabhána na hAfraice mar dhea i Zú Bhaile Átha Cliath ina chúlra bríomhar do *Zoo Live* (Moondance Productions), clár beo mealltach a craoladh ar feadh trí oíche. Thug an tsraith seo lucht féachana i ngach aoisghrúpa isteach i ndomhan draíochtúil, a bhíonn faoi cheilt go minic, i gceann de na hinstitiúidí is mó a bhfuil meas orthu in Éirinn. Le treoir ón láithreoir Anna Daly, rinne *Zoo Live* iniúchadh ar na hiarrachtaí caomhnaithe atá ar bun go leanúnach, ó Mhadagascar go Siarra Leon agus an Spáinn, ag léiriú a thiomanta atá an zú do chaomhnú an fhiadhúlra. Ina theannta sin, bhí Maia Dunphy ina comh-óstach, agus léargas speisialta á thabhairt ar a chúramaí agus a airdeallaí a bhíonn an fhoireann cúraim ainmhithe i Zú Bhaile Átha Cliath, agus chomh maith leis sin chonaiceamar cúpla coimeádaí zú cáiliúil ar an gclár.

Chuaigh *Super Garden* (Vision Independent Productions) ar thuras spreagúil chuig an bhFéile Bloom, le cúigear amaitéarach a bhíonn ag dearadh gairdíní agus atá an-dáiríre faoi. Cuireadh de chúram ar na dearthóirí gairdín uathúil a chruthú ar cheapacha a bhí díreach mar an gcéanna laistigh d'eastát tithíochta sóisialta, agus iad curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais shonracha na n-úinéirí tí. Ní hamháin gur thaispeáin an tsraith seo na treochtaí is déanaí ó thaobh na garraíodóireachta de ach thug sé deis don lucht féachana an gairdín buacach a fheiceáil agus é athchruthaithe ag Féile Bloom, a bhfuil an-cháil uirthi.

Léirigh *Bloom* (Vision Independent Productions), á chur i láthair ag Áine Lawlor agus Marty Morrissey, éirim na Féile Bloom a reáchtáladh i bPáirc an Fhionnuisce. Tharraing an seó seo aird ar an atmaisféar bríomhar, na gairdíní taispeántais iontacha chomh maith leis na taispeántais éagsúla, chun beocht a chur i ndraíocht na féile don lucht féachana sa bhaile.

Tá formáid nua éagsúil, dar teideal *Go Back to Where You Came From* (Loosehorse), le craoladh in 2025 le tacaíocht ó Choimisiún na Meán. Tá sé mar aidhm ag an tsraith nuálach seo an tsiamsaíocht agus an t-oideachas a nascach, ag cur bealach tarraingteach ar fáil don lucht féachana chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhaonraí nua inimirceach na hÉireann agus meas níos fearr a bheith acu orthu. Trí chur chuige uathúil a úsáid, féachann an seó le droim láimhe a thabhairt do steiréitíopaí agus sochaí níos cuimsithí a chothú.



*The Complaints Bureau*

D'fhill *Keys to My Life* le hochtar cáiliúil eile, ag tabhairt léargais ar na háiteanna agus ar na tithe a mhúnlaigh a saol agus a chruthaigh a bhféiniúlacht.



*Keys to My Life*



*Super Garden*

**Sainchláracha Fíorasacha**
In 2024, bhí tionchar an cheoil choitianta ina théama tábhachtach sna Sainchláracha Fíorasacha. Clár faisnéise den scoth le Brian Reddin ab ea *Rory Gallagher: Calling Card* (Dearg Films), a fuair tacaíocht ó Choimisiún na Meán, ina dtugtar cuntas dúinn ar an ngiotáraí Rory Gallagher agus beidh sé le feiceáil sa chéad leath den bhliain. Thug clár faisnéise suntasach eile, *Ballroom Blitz* (Sideline Productions), a bhí i bhfoirm sraith dhá chlár agus a léirigh Billy McGrath agus a scríobh Adam Clayton, dearcadh an cheoltóra nua-aimseartha dúinn ar ré na seó-bhannaí in Éirinn.

Chríochnaigh an bhliain le trí chlár faisnéise speisialta aonuaire don Nollaig ina ndearnadh iniúchadh ar ghnéithe éagsúla den cheol agus den tsiamsaíocht in Éirinn na linne seo.

*Henry Mount Charles: A Lord in Slane* (Dearg Films), a rinne iniúchadh ar shaol agus ar thionchar Henry Mount Charles, go háirithe a ról i gCaisleán Bhaile Shláine a chlaochlú ina ionad ceoil cáiliúil.

Thug *Nanci Griffith: From a Distance* (Frontier Films) aitheantas don amhránaí agus cumadóir amhrán as Meiriceá nach maireann, Nanci Griffith, agus aird tarraingthe ar an gceangal a bhí aici le hÉirinn agus an tionchar a bhí aici ar shaol ceoil na hÉireann.

Ar deireadh, scrúdaigh *The Great Pretenders* (Ponder Films), faoi stiúir Donal Moloney, feiniméan na mbannaí ómóis agus a dtábhacht do chultúr ceoil bheo na hÉireann. Thug gach ceann de na cláracha faisnéise seo léargas ar leith ar an gcaoi ar mhúnlaigh an ceol beo sochaí nua-aimseartha na hÉireann agus an chaoi go bhfuil tionchar aige orainn i gcónaí.

Ina measc, *Rising Tides: Ireland's Future in a Warmer World* (Earth Horizon), a bhí thar barr. Agus é á chómhaoiniú ag Coimisiún na Meán agus le tacaíocht ó dhreasachtaí Alt 481, rinne an clár faisnéise seo iniúchadh ar réitigh idirnáisiúnta ar an bhfadhb is sainiúla, d'fhéadfaí a rá, a bhaineann le saol na linne seo. Trí scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar straitéisí ar fud an domhain, bhí sé mar aidhm aige léargas a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaidh Éire réiteach a fháil ar na dúshláin a bhaineann leis an téamh domhanda agus iad a mhaolú.

Níos gaire do bhaile ghlac *Futureville Ireland* (Rare TV) cur chuige físeach agus é ag tuar cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar Bhaile Átha Luain in 2050. Arna chur i láthair ag Carla O'Brien agus an Dr Lollie Mancey, agus é cómhaoinithe ag Taighde Éireann, chuaigh an clár faisnéise seo i bhfeidhm ar an lucht féachana agus ar na léirmheastóirí araon le linn Sheachtain na hEolaíochta i mí na Samhna 2024.

Ina theannta sin, d'fhill an t-irischlár *Heated* (indiepics), a dhíríonn ar fhadhbanna glasa agus aeráide, i dtús an fhómhair agus atá ag éirí go maith leis sa dara séasúr aige ar an aer. Leag an dá thionscadal seo béim ar an tiomantas leanúnach atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin comhshaoil agus todhchaí inbhuanaithe á bheartú d'Éirinn.

Bhí tús áite ag an dearadh, ag an innealtóireacht agus ag an nuálaíocht arís sa dara sraith de *Big Life Fix* (Kite Entertainment). Lean an tsraith seo, a bhí leagtha amach i gceithre chuid, agus a fuair tacaíocht ó Chiste Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, de bheith ag taispeáint réitigh cheannródaíocha agus cur chuige cruthaitheach i leith fadhbanna sa bhfíorshaol. Leag an tsraith béim ar an gcumhacht atá ag an gcruthaitheacht agus ag an teicneolaíocht le hathrú ó bhonn a dhéanamh agus aghaidh á thabhairt ar dhúshláin ó lá go lá, ag cur lena cháil mar chlár tarraingteach agus inspioráideach.

Rinne an clár faisnéise cumhachtach de chuid Pamela Drynan *Lost For Words* (Subotica), a léiríodh le tacaíocht ó Choimisiún na Meán, an-iniúchadh ar na heispéiris agus na dúshláin a bhíonn ag grúpa éagsúil daoine a bhfuil disléicse orthu. Thug an clár speisialta aonuaire seo léargas pearsanta agus comhbhách dúinn ar an gcaoi a mbíonn siad ag streachailt


*Rory Gallagher: Calling Card*


*Rising Tides: Ireland's Future in a Warmer World*

Chríochnaigh an bhliain le trí chlár faisnéise speisialta aonuaire don Nollaig ina ndearnadh iniúchadh ar ghnéithe éagsúla den cheol agus den tsiamsaíocht in Éirinn na linne seo.


*Nanci Griffith: From a Distance*

agus ag buachan ó lá go lá, ar mhaithe le tuiscint a thabhairt dúinn ar na himpleachtaí níos leithne a bhaineann leis an disléicse sa tsochaí. Trí scéalta pearsanta agus léargas ó shaineolaithe, bhí sé mar aidhm ag an gclár muid a chur ar an eolas agus tuiscint níos fearr a thabhairt dúinn ar an bhfadhb seo nach dtuigtear i gceart go minic.

Bhí an-tóir i gcónaí ar na cláir sin is ansa linn ar RTÉ One *Crimecall* (Rare TV / Green Inc) agus *Ear to the Ground* (indiepics) sna sceidil roimh an tairseach chraoltóireachta agus ina diaidh. Tá ag éirí le *Crimecall* an lucht féachana a choinneáil gafa agus ról ríthábhachtach aige mar a bhaineann leis an gcoireacht a chosc agus a chinntiú go mbíonn an pobal sábháilte, agus bhí an-mheas i rith an ama ar *Ear to the Ground* agus clúdach tuisceanach á thabhairt aige ar shaol na tuaithe agus ar fhadhbanna a bhaineann le cúrsaí talmhaíochta. Léirigh an dá chlár go dtaitníonn siad i gcónaí leis an lucht féachana agus go bhfuil tábhacht ag baint leo ar sceideal RTÉ One, agus iad ag mealladh lear mór lucht féachana agus ag fáil ardmholadh ó na léirmheastóirí i gcónaí.



*Heated*

### Cláracha Reiligiúin

Tá RTÉ ag leanúint ar aghaidh ag coimisiúnú réimse éagsúil ábhar sa seánra seo, agus is minic a chomhoibríonn sé le craoltóirí agus le comhlachtaí maoinithe eile chun cur leis na léiriúcháin inmheánacha. I mbliana, rinneadh an-iarracht na seánraí seo a leathnú amach chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna níos leithne a bhaineann le cúrsaí eitice agus sochaíocha.

I dtús na bliana 2024, chraol RTÉ dhá scannán ghaolmhara, *The Last Priests in Ireland* agus *The Last Nuns in Ireland* (Scratch Films). Agus iad á gcur i láthair ag Ardal O'Hanlon agus ag Dearbhail McDonald, faoi seach, rinne na scannáin seo iniúchadh ar na cúiseanna atá taobh thiar den mheath atá tagtha ar na gairmeacha reiligiúnacha in Éirinn agus scrúdaigh siad an chaoi ar éirigh le sagairt agus mná rialta Caitliceacha an oiread sin tionchair a imirt ar chultúr na hÉireann. Agus í maoinithe go príomha ag Scéim Fuaim agus Fís Choimisiún na Meán, craoladh an tsraith seo oícheanta as a chéile ar RTÉ One agus bhí sí i measc na gclár ab fhearr ar éirigh leo sna sceidil phríomh-ama in 2024. Tá ceann eile sa tsraith, *The Last Irish Missionaries* (Scratch Films), i mbun léirithe faoi láthair le haghaidh 2025.

> Tá ag éirí le *Crimecall* an lucht féachana a choinneáil gafa agus ról ríthábhachtach aige mar a bhaineann leis an gcoireacht a chosc agus a chinntiú go mbíonn an pobal sábháilte.

Is clár faisnéise é *Andrew Trimble: For Ulster & Ireland* (NPE Media) atá á chur i láthair ag Andrew Trimble, iar-imreoir idirnáisiúnta rugbaí de chuid na hÉireann, agus céimí sa diagacht agus fiontraí. Bhí foireann ilghnéitheach le feiceáil sa scannán seo, a fuair léirmheasanna maithe, ina measc páistí fásta Ian Paisley, David Trimble agus John Hume, agus iniúchadh á dhéanamh ar na féiniúlachtaí ilghnéitheach atá ag teacht chun cinn ar oileán na hÉireann.




*Crimecall*

Agus é maoinithe go príomha ag Ciste Craolacháin na hAlban Uladh de chuid Scáileán Thuaisceart Éireann, bhí lucht féachana ard ag an gclár faisnéise beo agus ar líne. Moladh é go forleathan, agus léirmheasanna agus píosaí tuairime dearfacha aige ó dhaoine mór le rá ar nós Michael McDowell, Justine McCarthy, Johnny Watterson, Eilis O'Hanlon agus Ed Power. Mhol an Tánaiste ag an am, atá ina Thaoiseach anois, Micheál Martin, an clár faisnéise, agus leag sé béim ar ról Andrew Trimble ó thaobh 'cosán chun tosaigh a leagadh'.

Nochtar seoda na tíre in *Blindboy: The Land of Slaves and Scholars* (Connla's Well Productions) arna chur i láthair ag an bpodchraoltóir, fear grinn agus údar Blindboy Boatclub. Cé nach duine cráifeach é Blindboy, tá suim aige i gcultúr luath-Chríostaíochta na hÉireann, rud a thuill an teideal 'oileán na naomh agus na n-ollamh' don tír. Le tacaíocht ó scata mór de shaineolaithe acadúla, tugann Blindboy a dhearcadh uathúil féin chuig an gclár faisnéise mealltach seo. Agus é cómhaoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís Choimisiún na Meán, tá an scannán ar fáil anois mar acmhainn do mhúinteoirí agus do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh.



*Ear to the Ground*

Bíonn an chuid is mó d'ábhar adhartha Críostaí RTÉ á léiriú go hinmheánach. Mar sin féin, ar cheithre ócáid speisialta gach bliain – Lá Fhéile Pádraig, an Cháisc (2), agus Oíche Nollag – láimhseálann Kairos Communications craoltaí lasmuigh ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Roinneadh dhá cheann de na craoltaí seo ar fud na hEorpa trí Eurovision, agus líon mór de lucht féachana na Fraince ag tiúnáil isteach don Aifreann beo ó Órán Mór ar Lá Fhéile Pádraig.



*Blindboy: The Land of Slaves and Scholars*

**Na hEalaíona agus an Cultúr**

In 2024, d'fhill *Book Club* (Vision Independent Productions) le sraith ceithre chuid. Tugann an clár tarraingteach seo, ina ndéantar léirmheasanna ar leabhair, léargas dúinn ar na grúpaí ilchineálacha agus mealltacha atá sna clubanna leabhar ar fud na hÉireann, agus iad ag plé clasaicí liteartha chomh maith le leabhair sárdhíola chomhaimseartha. Ní clár é *Book Club* atá ann ar mhaithe le léirmheas a dhéanamh ar leabhair, ach is amhlaidh go spreagann sé réimse leathan de thopaicí agus comhráite, chun fíor-vox-pop a thabhairt dúinn a thugann léargas ar an saol comhaimseartha in Éirinn.

Thug *Ireland's Hidden Treasures* (Bo Media) léargas eisiach faoi choim ar chuid de na músaeim is mó le rá in Éirinn. Taispeánann an tsraith seo, atá breac le rúin agus scéalta ón stair nár insíodh fós, an obair chultúrtha, chruthaitheach agus dhúshlánach a dhéanann na caomhnóirí agus iad ag cosaint ár seoda náisiúnta. Faigheann an lucht féachana léargas pearsanta ar an stair shuimiúil faoi cheilt a bhaineann leis na déantáin is luachmhaire dá bhfuil againn in Éirinn agus ar na gairmithe díograiseacha a bhíonn ag breathnú amach dóibh. Tá sé mar aidhm ag *Ireland's Hidden Treasures* spéis a athmhúscailt sa ról ríthábhachtach atá ag músaeim na hÉireann ó thaobh an chultúir de – ní hamháin maidir lenár stair a chlárú agus ár n-oidhreacht a chosaint ach freisin mar ionaid ina stóráiltear na scéalta tarraingteacha a thugann tuiscint dúinn ar an saol mar a bhíodh agus, ar deireadh thiar, tuiscint ar ár bhféiniúlacht. Cuimsíonn an tsraith seo scéal na hÉireann féin.



*Ireland's Hidden Treasures*

Ba é Thomas McCarthy, duine de na hamhránaithe traidisiúnta is cáiliúla in Éirinn ón Lucht Siúil, ábhar an chláir faisnéise de chuid RTÉ in 2022 *Songs of the Open Road* (Harvest Films). Ina dhiaidh sin, chuaigh Thomas i mbun togra nua le Cartlann Cheol Traidisiúnta na hÉireann, agus é ag taisteal ar fud na hÉireann chun bualadh le hamhránaithe ón Lucht Siúil agus leo siúd a bhfuil baint acu le traidisiún saibhir amhránaíochta an Lucht Siúil. Lean an clár faisnéise nua, *Songlines* (Harvest Films), Thomas agus é ag bualadh le hamhránaithe éagsúla de chuid an Lucht Siúil ar fud na hÉireann – taibheoirí carasmatacha agus sealbhóirí na dtraidisiún nach bhfeictear agus nach gcloistear rómhinic lasmuigh de phobal an Lucht Siúil. Tugann *Songlines* ómós don chaoi a bhfuil an oiread déanta ag an Lucht Siúil ar son ealaín na hamhránaíochta traidisiúnta in Éirinn. Déanann sé staidéar ar théamaí na féiniúlachta, ár gceangal leis an am atá caite agus ár gcaidreamh leis an gceol.

Tugann *David Puttnam: The Long Way Home* cuntas pearsanta dúinn ar an léiritheoir scannán a bhfuil Oscar buaite aige agus é ag breathnú siar ar a shaol.


Tugann *David Puttnam: The Long Way Home* (Icebox Productions) cuntas pearsanta dúinn ar an léiritheoir scannán a bhfuil Oscar buaite aige agus é ag breathnú siar ar a shaol agus ar na rudaí a d'imir tionchar air nó go raibh sé sa deireadh ina shaoránach Éireannach agus é ag cur faoi sa Sciobairín in Iarthar Chorcaí. Déanann an clár faisnéise iniúchadh ar an tábhacht a bhain le gur fhás sé aníos i ndiaidh an Blitz, an tionchar a bhí ag a athair air, agus na téamaí a fheictear go minic ina chuid scannán faoin gcairdeas a bhíonn ag fir lena chéile. Déanann David cur síos ar an tionchar a bhí ag na heispéiris saoil seo ar na tionscadail a bhfuil sé ag obair orthu faoi láthair. Le linn an scannáin, taispeánann sé an chaoi a dtugann a shaothar léargas ar a shaol agus gach uile ghné dá thuras ag tacú leis an gcéad cheann eile, rud a thug é féin agus a bhean chéile Patsy, agus iad 60 bliain pósta, go hÉirinn sa deireadh.



*Songs of the Open Road*

Agus é á insint ag Aiden Gillen agus Saoirse Ronan ag aisteoireacht ann, téann *Christy Brown: Self Portrait* (Averner Films) isteach níos doimhne sa scéal ná *My Left Foot* agus na pictiúir a thug sainmhíniú ar íomhá phoiblí

Christy Brown. Agus athshúil á tabhairt ar scéal Christy ina fhocail féin, baintear úsáid sa scannán as a chuid filíochta, litreacha, agus scríbhinní nach bhfuil mórán cáil orthu. Tugann *Christy Brown: Self Portrait* pictiúr níos iomláine agus níos macánta de Christy dúinn agus iniúchadh á dhéanamh ar na caidrimh agus na dúshláin a chuaigh i bhfeidhm ar a chuid oibre. Ón gceangal a bhí aige lena mháthair, Bridget, go dtí an gaol achrannach lena bhean chéile, Mary Carr, scrúdaíonn an scannán na rudaí éagsúla a raibh tionchar acu ar a shaol. Tá daoine a raibh aithne acu ar Christy agus a raibh meas acu orthu ag roinnt a smaointe, lena n-áirítear Jim Sheridan, John Banville, Mary Duffy, an Dr Rosaleen McDonagh, Peter Sheridan, agus deirfiúr is óige Christy, Ann Jones.



*Christy Brown: Self Portrait*

Is é Fintan O'Toole, a ndeirtear ina thaobh go minic go bhfuil sé ar an iriseoir Éireannach is fearr lena linn, atá á phlé i *Fintan O'Toole: A Life in Our Times* (Cyprus Avenue Films), a tháinig amach an bhliain a ndeachaigh sé ar scor go hoifigiúil ón Irish Times. Ní hamháin go ndéanann an clár faisnéise seo cur síos ar shlí bheatha iomráiteach Fintan ach déanann sé iniúchadh freisin ar an dlúthbhaint a bhí aige le tírdhreach sochpholaitiúil na hÉireann. Agus úsáid á baint as meascán de phíosaí scannáin cartlainne a chlúdaíonn stair pholaitiúil agus shóisialta na hÉireann, mar aon le cuimhní pearsanta ó O'Toole féin, tugann an scannán léargas dúinn ar imeachtaí ríthábhachtacha a d'imir tionchar ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann, ón oidhreacht choilíneach go dtí na géarchéimeanna eacnamaíochta a bhí againn le déanaí. Scrúdaíonn O'Toole an teannas idir luachanna traidisiúnta agus tionchar an tsaoil nua-aimseartha, go háirithe i gcomhthéacs fhorlámhas stairiúil na hEaglaise Caitlicí ar shaol na hÉireann. Déanann an scannán grinnscrúdú ar an gcaoi a ndeachaigh an oidhreacht seo i bhfeidhm ar noirm na sochaí, ar chaidrimh agus ar an tuiscint atá ag teacht chun cinn ar fhéiniúlacht na hÉireann.

Is é Fintan O'Toole, a ndeirtear ina thaobh go minic go bhfuil sé ar an iriseoir Éireannach is fearr lena linn, atá á phlé i *Fintan O'Toole: A Life in Our Times.*

D'fhill RTÉ Celebrates *Culture Night* (Born Optimistic) le clár réamhthaifeadta uair an chloig ó Theach an Ard-Mhéara, ina raibh Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus cuid de na ceoltóirí is cumasaí in Éirinn. Agus é á chur i láthair ag Denise Chaila, páirteach sa chlár bhí taiscéalaíocht cheolfhoirne faoi stiúir David Brophy, leis na haoi-amhránaithe Villagers, Niamh Regan, New Jackson, agus Joe Chester le Gemma Hayes.



*Fintan O'Toole: A Life in Our Times*

Ar cheann de bhuaicphointí an chláir bhí scannán den turas aislingeach a rinne David Gray ar Sceilg Mhichíl, in éineacht le Colm Mac Con Iomaire. Lean an ceiliúradh ar aghaidh le taibhithe ó Edwina Guckian, Mohammad Syfkhan agus Ultan O'Brien, damhsa traidisiúnta in Ifreannach, punc ó Spider and Cherym as Doire, taispeántais ón aer le Loseysmokes i mBéal an Dá Chab, agus damhsa nuálach sráide thuas sna crainn in Avondale, i gCo Chill Mhantáin, le Omakoko + X Collective. Léirigh an clár seo chomh leathan agus chomh suaithinseach agus atá an cumas ealaíne ar fud na hÉireann.

Clár eile a bhí ag filleadh is ea *An Post Irish Book of the Year 2024* (Another Avenue), á óstáil ag Oliver Callan. Rinne an seó seo ceiliúradh ar shé leabhar den scoth a bhí san iomaíocht don ghradam mór le rá, agus iad roghnaithe as buaiteoirí na gcatagóirí ag gradaim *An Post Irish Book of the Year*. Rinneadh an scannánú san RDS, agus bhí díospóireachtaí tarraingteacha ann le gach duine de na húdair chomh maith le físeáin réamhthaifeadta chroíúla óna lucht leanúna.

Clár eile a bhí ag filleadh is ea *An Post Irish Book of the Year 2024*, á óstáil ag Oliver Callan.

Sroicheadh buaicphointe na hoíche nuair a fógraíodh gurbh é Donal Ryan an buaiteoir foriomlán lena leabhar *Heart Be at Peace*, agus i measc na n-údar mór le rá eile a fuair ainmniúcháin bhí Graham Norton, Johnny Sexton, Seán Ronayne, Eilish Fisher agus Jane Casey.

Táimid ag súil go mór an bhliain seo chugainn leis an tsraith dhraíochtúil dhá chuid *Listen to the Land Speak* (Crossing the Line Productions). Tugann an scríbhneoir dúlra cáiliúil Manchán Magan an lucht féachana ar thuras isteach san eagna atá faoinár gcosa, agus é ag fiosrú an chaoi a ndeachaigh an mhiotaseolaíocht agus an béaloideas i bhfeidhm ar fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann agus an t-eolas a thugann siad dúinn i gcónaí faoin mbaint atá againn leis an tírdhreach sa lá atá inniu ann. Seo cuid de na scéalta is fearr a bhí inste ag muintir na hÉireann riamh, ach tá baol ann go ligfear i ndearmad iad. Tá sé curtha roimhe ag Manchán an draíocht dhofheicthe atá timpeall orainn a nochtadh. Fiosraíonn *Listen to the Land Speak* an saibhreas ollmhór mar a bhaineann le seanchas, stair, cultúr agus draíocht atá lonnaithe inár dtírdhreach. Rinneadh an scannánú thar cheithre shéasúr i gcuid de na háiteanna nádúrtha is iontaí in Éirinn, agus léiríonn sé an chaoi gur mhair ár sinsir i sochaí a bhí dírithe ar an dúlra, ina raibh ról lárnach ag na filí, an lucht leighis agus na mná críonna a raibh dlúthbhaint acu leis an talamh. Is féidir leis an tuiscint a bhí acu seo cabhrú linne tuiscint níos fearr a fháil ar aigne an Éireannaigh sa lá atá inniu ann.


*Listen to the Land Speak*

I gceann de na comharsanachtaí is gairbhe i mBaile Átha Cliath, cuireann scoil scríbhneoireachta cruthaithí ar chumas déagóirí creidiúint sa chumhacht a bhaineann lena gcuid focal. In 2009, agus an cúlú eacnamaíochta domhanda ag tarlú, bhunaigh an t-údar, a bhfuil Duais Booker buaite aige, Roddy Doyle agus an t-iar-phríomhfheidhmeannach ar Amnesty International, Seán Love ionad scríbhneoireachta ar leith don scríbhneoireacht chruthaitheach. Thug siad Fighting Words air, ráiteas láidir faoin rud a bhí ar intinn acu. Bhí sé mar aidhm ag Doyle a thaispeáint go bhfuil cruthaitheacht i ngach duine agus nuair a scríobhann duine scéal gur féidir leis a bheith ina eispéireas luachmhar as a dtagann athrú ó bhonn. Is clár faisnéise uair an chloig é *Fighting Words* (True Films) a leanann grúpa déagóirí fuinniúla, greannmhara agus an-dáiríre ón gceantar áitiúil thar bhliain acadúil agus iad ag fiosrú a gcruthaitheachta agus ag tabhairt faoi thuras a athróidh iad.

*Fighting Words* a leanann grúpa déagóirí fuinniúla, greannmhara agus an-dáiríre.

Léirigh Stephen Rea sa tslí bheatha aisteoireachta dhochreidthe a bhí aige a mhair leathchéad bliain, go raibh sé ildánach, bisiúil agus go raibh ar a chumas dul chun cinn éachtach a dhéanamh. Tugann *Stephen Rea: Power in Performance* (Walk On Air Films) léargas nár tugadh riamh cheana ar an duine cruthaitheach seo a bhfuil cáil idirnáisiúnta air, agus scrúdú á dhéanamh ar an gcaoi ar fhorbair a dhearcadh radacach mar gheall ar an obair a chuireann sé chun cinn. Scrúdaítear sa chlár faisnéise freisin an chaoi a dtugann a stair phearsanta léargas ar an athrú atá tagtha ar Éirinn.


*Shush*

## RTÉ2

In 2024, bhí lúcháir ar an lucht féachana nuair a chuir RTÉ2 meascán bríomhar de shiamsaíocht níos éadroime ar fáil. D'athraigh *Home Rescue*: *The Big Fix* (Coco Content) tithe a bhí míshlachtmhar agus seanfhaiseanta nó go raibh siad ina spásanna galánta, praiticiúla. Chinntigh an greann spleodrach agus an tsiamsaíocht i *The 2 Johnnies Late Night Lock In* (Green Inc) go raibh an lucht féachana sna trithí ag gáire agus gan a fhios acu riamh cad a bhí le teacht. D'éirigh leis an gclár croíúil *First Dates Ireland* (Coco Content) gáire a bhaint asainn agus daoine single ó gach cearn den tír ag tabhairt faoi eachtraí rómánsúla. Idir an dá linn, thug *Love in the Country* (Kite Entertainment) spléachadh dúinn ar dhaoine single faoin tuath agus iad ar thóir an ghrá i lár thírdhreacha gleoite na hÉireann.


*I'm Yours*

## Drámaíocht

Bhí trí dhráma nua *Storyland* le feiceáil sa bhFómhar ar RTÉ2 agus RTÉ Player. Tá na drámaí seo leagtha amach chun dlús a chur le gairmeacha agus le scileanna na scríbhneoireachta, na léirithe agus an stiúrtha atá ag teacht chun cinn. Oibríonn siad freisin chun an caidreamh atá acu le RTÉ a fhorbairt, feabhas a chur ar a ngairmeacha beatha agus tá siad mar a bheadh cártaí cuartaíochta ann, de réir mar a théann an bhuíon tallainne seo ag plé leis na léiriúcháin drámaíochta phríomhshrutha.

Chuaigh buaiteoirí de chuid *Storyland* roimhe seo ar aghaidh le bheith ag scríobh ar shraitheanna ar nós *Smother*, *KIN*, *Hidden Assets* agus *The*

*Gone*. Tá aisteoirí a raibh príomhpháirteanna acu i ndrámaí de chuid Storyland roimhe seo anois páirteach i sraitheanna ar nós *Black Doves* do Netflix agus *Dune: Prophecy* le haghaidh HBO Max.

Le haghaidh *Storyland 2024*, rinne Deadpan Pictures maoirseacht ar dhráma rómánsúil, I'm Yours, a d'fhéach ar bhealach spraíúil agus macánta ar chaidrimh nua-aimseartha, agus an choimhlint idir an oidhreacht éagsúil agus na hionchais chultúir.

Léirigh Connla's Well Productions *Did You Read About Erskine Fogarty?* le haghaidh *Storyland*. Agus é bunaithe ar an ngearrscéal ar a bhfuil an t-ainm céanna ó chnuasach Blindboy Boatclub a bhfuil duaiseanna buaite aige, is scéal faoi éadóchas agus lagmhisneach é seo ina bhfuil an phríomhpháirt ag Robbie Sheehan ó *Love/Hate*. Tá an Tíogar Ceilteach ag titim as a chéile sa chúlra agus insítear an scéal ar bhealach greannmhar agus samhlaíoch.



*Did You Read About Erskine Fogarty?*

Is é Charmer Pictures a léirigh *Shush* scéal faoi bhean a théann ar a teitheadh le leanbh. Ní mar a shíltear a bhítear sa scéal casta seo faoi ghrá agus cliseadh néarach.

## Siamsaíocht, Greann agus Ceol

Ar RTÉ2 bhí *The 2 Johnnies Late Night Lock In* (Green Inc), ar ais don dara sraith. Ag tógáil ar an rath a bhí ar shraith 1, mheall The 2 Johnnies líon suntasach den lucht féachana óg chuig an gcainéal. Agus ceiliúradh á dhéanamh ar shaol na hÉireann, idir an greann agus na daoine, eispéireas uathúil de chuid na hÉireann atá sa tsraith sé chlár seo, atá suite i suíomh an tí tabhairne agus lán le craic. Bhuaigh an tsraith gradam don tSiamsaíocht agus don Choiméide is Fearr ag gradaim RTS Thuaisceart Éireann 2024.




*The 2 Johnnies Late Night Lock In*

D'éirigh go maith le RTÉ2 freisin le sraith 2 de *Love in the Country* (Kite Entertainment), clár geandála a thugann léargas ar chuid de na dúshláin a bhaineann le bheith ag siúl amach le duine faoin tuath in Éirinn agus ina bhfeictear Anna Geary ag cabhrú go grástúil le daoine atá singil páirtí a fháil. Bhí roinnt torthaí suntasacha ag an tsraith an séasúr seo mar a bhaineann le cúrsaí suirí agus bláth tagtha ar an ngrá i measc na foirne.

Ó Eaglais Naomh Séamas sa Daingean, d'fhill *Other Voices* (South Wind Blows) le haghaidh an 22ú sraith ar RTÉ2. Tá ag éirí leis an bhféile bhúitíc seo ealaíontóirí intíre agus idirnáisiúnta araon a mhealladh, agus tugadh deis dóibh siúd a bhí i láthair éisteacht le taibhithe pearsanta beo ó chuid de na healaíontóirí is spreagúla dá bhfuil againn i mbliana, lena n-áirítear Griff, Villagers agus CMAT.



*Love in the Country*

Tar éis ócáid bheo a bhí díolta amach i Sráid an Bhiocáire i mBaile Átha Cliath, d'fhill *The RTÉ Choice Music Prize* (Southpaw Pictures) chun ceiliúradh a dhéanamh orthu siúd a bhí ainmnithe d'Albam Éireannach na Bliana agus na buaiteoirí a fhógairt (Lankum – *False Lankum*), Amhrán na Bliana (Cian Ducrot – 'Heaven'), agus Ealaíontóir na Bliana (Snagcheol).

## Cláracha Fíorasacha Móréilimh agus Cláracha Fíorasacha Siamsaíochta

Lean *First Dates Ireland* (Coco Content) d'ardú croí a thabhairt don lucht féachana mar gheall ar an gcur chuige mealltach agus iontaofa atá aige maidir le cleamhnais a dhéanamh. Thug an seó daoine singil ó gach cearn d'Éirinn le chéile, agus gach duine acu ag súil le bualadh lena ngrá geal. Agus é á óstáil ag Mateo Saina, atá chomh dáimhiúil is a bhí sé riamh, in éineacht lena fhoireann cleamhnais, thaispeáin an tsraith cineálacha éagsúla coinní, ón gcuid a bhí ciotach agus geanúil go dtí an chuid a bhí rómánsúil agus gan coinne ar bith leis. Sheas an séasúr seo amach mar gheall ar na scéalta rathúla a thug ardú croí dúinn agus na rudaí nach ndéanfar dearmad orthu. Agus meascán ann de ghreann, dáiríreacht agus daoine ar thóir an ghrá, mar is dual dóibh, léirigh *First Dates Ireland* arís an t-údar a bhfuil sé fós ina chuid thábhachtach de theilifís réaltachta na hÉireann.



*First Dates Ireland*

Sraith eile a d'fhill ar RTÉ2 i rith na bliana is ea *Home Rescue: The Big Fix* (Coco Content), agus rabharta úr d'athruithe iontacha déanta ar roinnt tithe in Éirinn. Agus é faoi stiúir an dearthóra Dee Coleman agus an tógálaí Peter

Finn, thug an seó aghaidh ar spásanna a bhí míshlachtmhar agus gan ord ná eagar orthu, nó go raibh siad ina dtearmainn shlachtmhara chompordacha. An séasúr seo, d'oibrigh an fhoireann ar thithe ar fud Lú, Chill Dara, Átha Cliath agus an Chláir, agus tugadh gach tionscadal acu chun críche taobh istigh de chúig lá diana. Leag an tsraith béim ní hamháin ar an athrú fisiciúil ach freisin ar thurais mhothúchánacha na n-úinéirí tí, a raibh dúshláin phearsanta shuntasacha ag go leor acu. Chuaigh an cur chuige tuisceanach a bhí ag Dee Coleman, a d'eascair as a heispéiris féin, i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana agus í féin agus a foireann ag dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhain le gach athchóiriú acu. Idir spásanna céadfacha a chruthú do leanaí le riachtanais speisialta agus áiteanna maireachtála cúnga a athdhearadh le haghaidh teaghlaigh ilghlúine, léirigh *Home Rescue: The Big Fix* an tionchar mór a d'fhéadfadh dearadh tuisceanach agus foireann thiomnaithe a imirt ar shaol daoine.



*Home Rescue: The Big Fix*

### Spórt

Tá RTÉ ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt clúdach cuimsitheach ar Chraobh Rugbaí Aontaithe, *URC Live* (IRIS Productions), ag cinntiú go mbíonn an lucht leanúna in ann a bheith ceangailte le linn gach nóiméad corraitheach den chomórtas. Cuimsíonn an clúdach ardáin éagsúla, lena n-áirítear craoltaí beo ar RTÉ2 agus ar an RTÉ Player, agus deis á tabhairt don lucht féachana breathnú ar chluichí tábhachtacha ar ardáin saor in aisce RTÉ.

Sraith spreagúil ab ea *Path to Paris* (Brick Films) a rinne cur síos ar thurais na lúthchleasaithe is fearr in Éirinn agus iad ag iarraidh cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha agus do na Cluichí Parailimpeacha 2024 i bPáras. Tugadh faoin scannánú thar thréimhse trí bliana, agus tugann an tsraith léiriú neamhchlaonta, lom agus macánta ar an dúthracht, an íobairt agus an bhuanseasmhacht a theastaíonn chun dul san iomaíocht ag an leibhéal is airde. Faigheann an lucht féachana léargas domhain ar shaol pearsanta agus gairmiúil na lúthchleasaithe seo, lena n-áirítear a gcórais traenála, a ndúshláin agus a mbuanna. Tá cineálacha éagsúla spóirt le feiceáil sa tsraith seo, ón lúthchleasaíocht agus an dornálaíocht go dtí an ghleacaíocht, an para-rothaíocht agus go leor eile. Agus na lúthchleasaithe á dtaispeáint agus iad de shíor ag tóraíocht na sármhaitheasa, ní hamháin go leagann *Path to Paris* béim ar an teacht aniar atá iontu go fisiciúil agus ó thaobh na meabhrach de ach tugann sé spreagadh don lucht féachana lena gcuid scéalta faoi dhiongbháilteacht agus dóchas.




*Path to Paris*

### An Lucht Féachana Níos Óige

Bhí bliain den scoth ag RTÉ in 2024 le clár uathúil d'ábhar as Éirinn don lucht féachana óg ar fud na n-ardán físe, fuaime agus ar líne, agus é mar mhisean againn na saoránaigh is óige in Éirinn a spreagadh, a chumhachtú agus a cheiliúradh. Déanaimid ár ndícheall timpeallacht shábháilte agus chuimsitheach a chruthú agus a chur ar fáil sna meáin, a dhéanann ceiliúradh ar an éagsúlacht, a spreagann rannpháirtíocht ghníomhach agus a thugann inspioráid do leanaí agus do dhaoine óga agus a thugann ómós dóibh.

Bhí bliain den scoth ag RTÉ in 2024 le clár uathúil d'ábhar as Éirinn don lucht féachana óg ar fud na n-ardán físe, fuaime agus ar líne.

Tá ár gcomhoibriú le hearnáil neamhspleách na hÉireann ag leanúint ar aghaidh – ó bheochanóirí nua agus seanbhunaithe go dtí cruthaitheoirí, stiúrthóirí agus tallann léiriúcháin atá ag teacht chun cinn – ar mhaithe le hábhar den chéad scoth a chur ar fáil chun oideachas a chur ar lucht féachana óg na Éireann, agus siamsaíocht agus eolas a chur ar fáil dóibh.

Bhí an oiread sin imeachtaí spreagúla agus ócáidí a tharla den chéad uair in 2024 nach ligfear i ndearmad, idir dhrámaí nua tarraingteacha, bheochana den chéad scoth, phodchraoltaí oideachais, shraitheanna ar an aeráid agus nuacht laethúil, agus a bhfuil á chur ar fáil ag RTÉ do dhaoine óga lán le hábhar a chothaíonn cuimsitheacht, litearthacht mhothúchánach agus freagracht i leith an chomhshaoil. Sheolamar cuma nua agus ainm nua don ábhar atá dírithe ar pháistí 7-12 bliana d'aois, RTÉ Kids; thaispeánamar dhá dhráma nua a tharraing an-aird; agus chuireamar tús leis an gceathrú comórtas ealaíne digiteach dár gcuid don 32 contae *This Is Art!*.




*This Is Art!*

Rinneamar coimisiúnú ar bheochana dochreidte as Éirinn agus chraolamar iad, chomh maith le cláracha faisnéise úrnua; ábhar a chuirfeadh duine ag smaoineamh agus ag gáire, agus fiú a spreagfadh thú le stopadh nóiméad agus d'anáil a tharraingt. Chuir an RTÉ Player lena cháil mar cheann scríbe nach

mór cuairt a thabhairt air le haghaidh ábhar sár-mhaith i nGaeilge do pháistí, agus bhí tóir níos mó ar ár dhá chainéal YouTube RTÉ, RTÉjr agus RTÉ Kids, mí i ndiaidh míosa. Chuir podchraoltaí RTÉjr bun orthu féin mar an áit is fearr le teacht ar ábhar fuaime do pháistí a chuireann iad ag machnamh agus ag gáire, agus é ar fáil i gcónaí le héisteacht leis ar aip RTÉ Radio Player agus ar shuíomhanna gréasáin RTÉ Kids agus RTÉ Learn. É seo ar fad chomh maith le gur fhill go leor de na cláracha a bhfuil an-tóir orthu! Tá an bealach réitithe in 2024 le go mbeidh todhchaí iontach i ndán do RTÉ Kids!

**RTÉ Kids**

In 2024, thugamar isteach lear mór d'ábhar nua dár lucht féachana 7+, agus d'fhill roinnt sraitheanna a mbíonn an-tóir orthu. I measc na mbuaicphointí bhí dhá dhráma úrnua de chuid na hÉireann a léiríodh sa bhaile.

An chéad cheann *Louise Lives Large* (Tailored Films), a chruthaigh Carol Walsh. Tugann an tsraith chorraitheach agus bhríomhar seo léargas ar shaol an ealaíontóra Louise Edgar, atá 13 bliana d'aois. Agus é faighte amach aici go bhfuil an chontúirt thart tar éis cóireáil ailse a bheith á cur uirthi ar feadh bliana, tá Louise ag iarraidh a saol a fháil ar ais. Mar sin féin, braitheann sí trína chéile agus í ag smaoineamh ar bhreith suas lena piaraí atá anois ina ndéagóirí sofaisticiúla agus iad scaití scáfar. Agus í spreagtha chun a 'Live Large List' a chruthú, tugann Louise faoin saol go cróga, agus í ag dul i ngleic lena bhfuil ar a liosta ceann ar cheann. Is cuma an éireoidh léi nó an dteipfidh uirthi, nó an mbeidh cúis náire aici is é an rud is tábhachtaí i ndáiríre ná go bhfuil saol breá ag Louise faoi dheireadh.

Is é an chéad cheann eile ná *The Unreal* (Dyehouse Films), sraith aoibhinn scanrúil i gceithre chuid a bhfuil cúlra méith aige, gan dabht in Éirinn, ag Loch Deán i gContae Chill Mhantáin. Téann teaghlach Kelly go drogallach go dtí an pháirc saoire seo, a bhfuil drochbhail uirthi, le haghaidh saoire sa bhaile. Is gearr gur eachtra atá sa rud a cheap gach duine Kevin, atá 12 bliain d'aois, a dheirfiúr Kate atá de shíor sáite sna scáileán, agus a dtuismitheoirí suaite, Mary agus Tom, a bheith leadránach.

Is dráma gearrfhoirmeach *A Bedouin Dream* (stop.watch television) a coimisiúnaíodh mar chuid den tsraith dhrámaíochta de chuid EBU 'Belonging'. Leanann an scéal Isra atá naoi mbliana d'aois atá an-bhródúil as a hoidhreacht Bedouin agus ar bhreá léi dul ag campáil sa bhfásach. Ach, nuair a dhíshealbhaítear í féin agus a tuismitheoirí óna dteach gan aon áit eile acu le dul, is cosúil nach dtarlóidh sé seo. Agus é spreagtha ag aisling Isra faoin gcampáil, cuireann a hathair puball suas i gcoill atá in aice láimhe, agus tá Isra ar bís faoina saol nua ag campáil. Ach nuair a bhíonn orthu imeacht go tobann, tagann deireadh leis an eispéireas aoibhinn. Ar ámharaí an tsaoil, tá plean ag a máthair a thabharfaidh aisling Bedouin Isra ar ais.

In Aibreán 2024 bhí an-tionchar ag *Man Up?* (Macalla) nuair a tháinig sé chuig ár scáileáin. Agus é á óstáil ag Jordon Conroy, tugann an tsraith seo le chéile deichniúr buachaillí ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla a bhfuil spéiseanna éagsúla acu, agus déantar iad a threorú ar thuras chun iniúchadh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le bheith i do 'fhear' i saol an lae inniu. Thar thréimhse coicíse, iarrtar ar na buachaillí seo cluiche corr a fhoghlaim agus a chleachtadh den chéad uair. Is é an dúshlán a bheidh ann ar deireadh ná dul san iomaíocht i gcoinne Sheaimpíní na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh.

Is sraith eachtraíochta a thugann ardú croí dúinn é *Where the Wild Geese Go* (EZ Films) a leanann an turas iontach a dhéanann an cadhan agus é ar a imirce eipiciúil as Éirinn go Ceanada Artach, agus ar ais arís. Tionscadal trasmheán, nach bhfuil a leithéide eile ann, a bhí sa tsraith iontach meán measctha seo. Agus úsáid bainte as clibeanna GPS, déanaimid na géanna a rianú thar thírdhreacha contúirteacha agus thar aigéin ollmhóra, rud a thugann deis don lucht féachana a bheith i gcuideachta an ealta ar a dturas. Ag muid ag bualadh le fiadhúlra iontach agus daoine dochreidte ar an mbealach, tugann an tsraith léargas neamhchoitianta ar thuras na ngéanna, ní hamháin ag taispeáint a gcumas urghnách ó thaobh na heitilte de ach ag iniúchadh na n-áiteanna iontacha a dtugann siad cuairt orthu chomh maith.

In 2024, thugamar isteach lear mór d'ábhar nua dár lucht féachana 7+, agus d'fhill roinnt sraitheanna a mbíonn an-tóir orthu.




*Man Up?*

Is sraith eachtraíochta a thugann ardú croí dúinn é *Where the Wild Geese Go* a leanann an turas iontach a dhéanann an cadhan agus é ar a imirce eipiciúil as Éirinn go Ceanada Artach.



*Where the Wild Geese Go*

Craoladh *What's Next?* (Hop Skip Studios) den chéad uair in 2024, sraith spreagúil agus bhríomhar atá dírithe ar thodhchaí ár bpláinéid. Thug an seó nuálach seo an chumhacht do pháistí a bheith i mbun smaointeoireachta agus nuálaíochta agus teacht suas le smaointe ceannródaíocha dírithe ar an bpláinéad a shábháil. Trína gcruthaitheacht agus a ndiongbháilteacht, léirigh an tsraith don lucht féachana óg go bhfuil an chumhacht acu an todhchaí a mhúnlú.


*What's Next?*

Chun an bhliain a thabhairt chun críche, chraolamar trí chlár an-speisialta dár lucht féachana 7+. Ar dtús bhí an fhoireann ar leith sin *Kabin Crew* ina gclár speisialta Nollag féin. Bhí bliain iontach ag *The Kabin Crew's Christmas Special* (Cian McCarthy Productions) agus a n-amhrán iomráiteach 'The Spark' (in éineacht leis an Lisdoonvarna Crew) scaipthe go rábach agus é seinnte os cionn 2 bhilliún uair ar na meáin shóisialta.Chun deireadh a chur le bliain iontach rinne siad clár Nollag speisialta dá gcuid féin. Bhí amhráin úrnua ón *Kabin Crew* sa chlár speisialta, lena n-áirítear 'Kabin Party & Belter', 'Hiccup', 'You'll be Fine' agus 'Treat Yourself' – ina raibh an criú iontach Lisdoonvarna páirteach freisin – agus, mar bharr air sin ar fad, físeán ceoil úrnua dá n-amhrán Nollag 'Christmas Cipher' agus cameo ag Daidí na Nollag é féin!

Clár faisnéise a thabharfadh ardú croí duit is ea *My Story: What Daire Did Next* (Tyrone Productions) a lean duine de lucht leanúna Learphoill as Éirinn, Daire Gorman, tar éis don chruinniú a bhí aige le Jürgen Klopp i mí na Nollag 2023 scaipeadh go rábach. Sa scannán faisnéise seo, tugann duine de lucht leanúna Learphoill Daire, a bhí i mbéal an phobail an Nollaig seo caite tar éis dó cuairt a thabhairt ar Anfield, isteach muid ina shaol dochreidthe le linn sé mhí ghnóthacha. Le linn an chláir faisnéise fágann Daire slán leis an mbunscoil, bíonn sé san iomaíocht i gcomórtas peile idirnáisiúnta i bPáras, faigheann sé lámh róbatach úrscothach, téann sé faoi scian in obráid dhúshlánach agus sroicheann sé na déaga - agus é i rith an ama ag dul i dtaithí ar an scéal go mbeidh a laoch, Jürgen Klopp, ag éirí as mar bhainisteoir ar Learpholl ag deireadh an tséasúir.


*My Story: What Daire Did Next*

*Bush Kids Arctic Adventure Special* (GMarsh TV): san eachtra an-speisialta seo, tugann Tom Bán, an saineolaí marthanais is ansa linn in Éirinn, triúr col ceathracha eachtrúla as Corcaigh – Donagh, Cuan agus Caroline – in éineacht lena n-athair agus a n-uncail Eoin, ar thuras nach bhfacthas a leithéid cheana. Déantar teacht aniar agus diongbháilteacht an teaghlaigh a thástáil agus iad ag dul isteach i bhfiántas an Chiorcail Artaigh, áit a mbíonn siad ag campáil faoin aer agus ag foghlaim scileanna marthanais ríthábhachtacha i gceann de na timpeallachtaí is dúshlánaí ar an bpláinéad.

Faitíos nach raibh do dhóthain ansin, chuireamar fáilte ar ais chuig ár scáileáin freisin roimh níos mó scéalta greannmhara ó dhaoine mór le rá i *Storybuds* (Kite Entertainment) agus *This Is Art Club!* (Dyehouse Filma); taistealaíodh ar fud an domhain le *JourneyCam International* (Dyehouse Films); agus rinneadh ceiliúradh ar an oiread sin cruthaitheachta lenár gcéad sruthú beo riamh ar an RTÉ Player de *Junk Kouture Dublin City Final* (Junk Kouture) agus *Ireland's Young Film Maker of the Year* (Fresh Films).


*Bush Kids: Arctic Adventure Special*

Bhí an tsraith bheochana *The Scavengers* (Little Moon Animation) againn den chéad uair, agus é ag mealladh an lucht féachana lena íomhánna iontacha. Leanann an scéal teaghlach atá ar mhisean taighde i dtodhchaí ina bhfuil an Domhan ina fhásach ollmhór. Cé go mb'fhéidir nach é sin an áit is iontaí le bheith, taispeánann an tsraith dúinn go bhféadfadh bruscar le leanbh amháin a bheith ina chlós súgartha ag páiste eile. Fáilte go dtí an todhchaí, áit a bhfuil eachtraí ag fanacht ort sna háiteanna is lú a mbeifeá ag súil leo.


*The Scavengers*

Bhí ár scéim craolta le haghaidh gearrscannáin bheochana in 2024 bunaithe ar an téama 'Baile'. Agus muid ag tacú le beochanóirí agus le stiúrthóirí nua agus seanbhunaithe, rinneamar iniúchadh agus ceiliúradh ar roinnt cur chuige mar shampla cé hiad na daoine a chruthaíonn baile? Céard air a smaoiníonn na páistí nuair a chloiseann siad an focal? In 2024 cuireadh sé ghearrscannán den scoth ar fáil:

- *Saving Chops* (Studio Meala), á stiúradh ag Cora McKenna
- *The Mighty Oak* (Adventurverse), á stiúradh ag Dave Minogue
- *Dembaya* (JAM Media), á stiúradh ag Espana Guillot
- *Envelope* (Distillery Films), á stiúradh ag Kayvon Darabi-Fard
- *Drawn Together* (Cardel Entertainment), á stiúradh ag Domhnall Cotter
- *Homebird* (Pink Kong Studios), á stiúradh ag Aoífe Doyle

**RTÉjr**

Maidir lenár lucht féachana is óige sa spás gníomhaíochta beo bhí meascán d'ábhar nua againn chomh maith le sraitheanna a mbíonn an-tóir orthu a bheith ag teacht ar ais. Is sraith é *Bellie & Whizz Minding Me* (GMarsh TV) a mbíonn an-tionchar aige agus a chuidíonn le páistí 12 phríomh-mhothúchán a iniúchadh: Fearg, Déistin, Éad, Cúthaileacht, Iontas, Eagla, Ciontacht, Brón, Náire, Imní, Cantal agus Grá. Le cabhair ó pháistí na foraoise a thugann cuairt orthu gach lá, foghlaimíonn Bellie agus Whizz conas na mothúcháin seo a aithint agus a bhainistiú trí análú aireach, cruthaitheacht agus spraoi. Foghlaimeoidh an lucht féachana óg go mbraitheann gach duine na mothúcháin seo ag pointe éigin, agus rud níos tábhachtaí fós, go ndéanann sé leas duit do chuid mothúchán a roinnt le daoine eile.



*Bellie & Whizz Minding Me*

Agus é ar ais mar gheall ar éileamh ón bpobal freisin bhí an tsraith eachtraíochta meáin mheasctha *Imagination Machine* (Firebrand Productions), an tsraith a bhfuil tóir uirthi i rith an ama *Dizzy Deliveries* (Macalla), clár an-speisialta a mhúineann comharthaí Lámh do pháistí réamhscoile agus atá dírithe ar pháistí faoi mhíchumas intleachtúil, agus *Let's Find Out* (stop.watch television), ina bhfuil eachtraí an-aisteach don aigne atá fiosrach.



*Dizzy Deliveries*

Bliain mhaith ab ea 2024 do bheochana RTÉ don aois réamhscoile. Thugamar ár lucht féachana réamhscoile isteach i saol iontach, ildaite, lán le spraoi *Maddie + Triggs* (Turnip and Duck). Leanann an tsraith cailín seacht mbliana d'aois, Maddie, a bhfuil lagú amhairc uirthi, agus an cara is fearr atá aici, an madra Triggs, agus iad ag aimsiú ceoil agus eachtraíochta i ngnáthfhuaimeanna an lae trí éisteacht cheart a thabhairt don domhan atá ina dtimpeall.

Is é an chéad chlár aoibhinn eile ná *Doodle Girl* (Studio Meala): sa tsraith 'ealaíonta' ghreannmhar seo bíonn deis againn tamall a chaitheamh i ndomhan Doodle Girl agus an cara is fearr atá aici, Pencil. I ngach ceann de na heachtraí, buaileann Doodle Girl, atá á ghuthú ag Aisling Walsh, le go leor cineálacha carachtar *doodly* (guthaithe ag Tony Cantwell), agus iad déanta as ábhair ealaíne éagsúla! Sceitseáilte nó péinteáilte, ceaptha as oragámaí nó pasta, puipéid stocaí agus go leor eile!



*Doodle Girl*

Thug *Hey Fuzzy Yellow* (Treehouse Republic) sraith bhríomhar dírithe ar na oideachas siamsúil dúinn a bhí lán de spraoi do na páistí réamhscoile. In *Stories from the Backwoods* (Ink & Light) buailimid le racún cathrach Rooney a thagann isteach i bhForaois Backwoods agus é mar aidhm aige é a athrú nó go mbeidh sé ar an bpáirc is áille dá bhfaca tú riamh. Is é an sprioc atá aici i ndáiríre ná suaitheantas lonrach an Mhaoir Foraoise a thuilleamh ionas go mbeidh an bas sásta léi.

Lean muid ar aghaidh ag cur lena bhfuil á chur ar fáil againn dár lucht féachana ó thaobh ábhar den scoth i nGaeilge agus in 2024 tháinig *Baile na Samhlaíochta* (Cartoon Saloon) chugainn, *Áit a dTéann na Géanna Fiáine* (EZ Films), agus chun an Nollaig a cheiliúradh *Fia's Fairies*, bhí ár sraith mhóréilimh Ghaeilge, ar ais le dhá eipeasóid coimisiúnaithe go speisialta *A Fairy Island Christmas* (Little Moon Animation). San eipeasóid dhúbailte 10 nóiméad don Nollaig a taispeánadh den chéad uair, ritheann maoirseoir EV Banca as cumhacht Oíche Nollag, agus caithfidh Fia agus Ameer brostú chun lóchrainn a scaipeadh ar fud Oileán na Sióg chun a chinntiú gur féidir le Daidí na Nollag gach duine a aimsiú in am don lá mór, agus iad ag cruthú gurb iad obair foirne agus an cineáltas fíor-dhraíocht na Nollag.



*Fia's Fairies*




Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann leis na cláracha a léirítear go neamhspleách a thugann guthanna nua dúinn. Tugann na cláracha seo ardán do dhaoine cumasacha atá ag teacht chun cinn agus do dhearcthaí éagsúla a bhféadfadh go mbeadh neamhaird déanta orthu murach sin. De bharr go gcothaíonn siad an chruthaitheacht agus an nuálaíocht, saibhríonn an t-ábhar a léirítear go neamhspleách an tírdhreach cultúir agus cinntíonn sé go roinntear raon níos leithne de scéalta agus d'eispéiris leis an lucht éisteachta. Ní hamháin go gcabhraíonn sé seo le healaíontóirí nua agus cruthaitheoirí nua a thabhairt dúinn ach cuireann sé ábhar úr agus uathúil ar fáil don lucht éisteachta a thugann léargas ar an dinimic atá ag teacht chun cinn sa tsochaí.



*The Business*

In 2024, bhí RTÉ Radio 1 bródúil as breis agus 200 uair an chloig d'ábhar raidió bunaidh a léiríodh go neamhspleách a chur ar an aer.



*Second Captains Saturday*




*In The Smoke*

## RTÉ Radio 1

Tá an earnáil léiriúcháin neamhspleách fós ina bunchloch ag sceideal na gclár ar RTÉ Radio 1. Cuireann na léiritheoirí neamhspleácha ábhar ardchaighdeáin ar fáil i gcónaí a chomhlíonann na dianchaighdeáin eagarthóireachta a mbíonn lucht éisteachta RTÉ Radio 1 ag súil leo. Tá an cumas atá acu ábhar spéisiúil a chruthú don raidió fíor-thábhachtach, d'fhonn a chinntiú go mbíonn an sceideal éagsúil agus tarraingteach.

In 2024, bhí RTÉ Radio 1 bródúil as breis agus 200 uair an chloig d'ábhar raidió bunaidh a léiríodh go neamhspleách a chur ar an aer. Áiríodh sa rogha suntasach seo meascán de shraitheanna fadtéarmacha, seanbhunaithe a bhfuil ag éirí go maith leo, chomh maith le cláracha atá nua agus nuálach. Mar gheall ar an réimse ilghnéitheach de chláracha freastalaíodh ar spéiseanna éagsúla, rud a léiríonn tiomantas RTÉ Radio 1 d'ábhar eisceachtúil agus tarraingteach a chur ar fáil dá chuid éisteoirí. Tarraingíonn an tiomantas seo do chláracha ardchaighdeáin aird ar an ról ríthábhachtach atá ag na léiritheoirí neamhspleácha maidir lena bhfuil á chur ar fáil ag an stáisiún a shaibhriú.

Cuireann cláracha ar nós *The Business* (Old Yard Productions), *Callan's Kicks* (Catchy Title), *South Wind Blows (*South Wind Blows), *Second Captains Saturday* (Second Captains), *Supercharged with Anna Geary* (OJO Productions) agus *The History Show* (Pegasus Media and Consulting) ábhar atá ar ardchaighdeán ar fáil go leanúnach chun an lucht éisteachta a chur ar an eolas agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh. Ní hamháin go bhfuil na seónna seo ag cloí le hardchaighdeáin ach tá ag éirí leo a mbonn éisteoirí a leathnú freisin, rud a léiríonn go bhfuil fás ag teacht ar an éileamh atá orthu agus go bhfuil níos mo tionchair acu. .

D'éirigh thar cionn le *Our Divine Sparks* (Old Yard Productions), arna chur i láthair ag Dearbhaill McDonald, sa bhabhta coimisiúnaithe do Shraitheanna Fíorasacha Reiligiúnacha i mí Iúil agus tosaíodh á chraoladh i ndeireadh mhí na Samhna. Tá an tsraith seo tar éis aird a tharraingt cheana féin mar gheall ar na cláracha reiligiúnacha a thugann ábhar machnaimh dúinn, a bhíonn bainteach le cúrsaí reatha, agus ina mbíonn caighdeán na hiriseoireachta agus an chuir i láthair críochnúil agus eisceachtúil.

D'éirigh le *Callan's Kicks* (Catchy Title) i mbabhta coimisiúnaithe eile i mí Iúil. Rud suntasach a sheas amach an séasúr seo ba ea an clár toghcháin a bhí beagnach ina chlár fíor-ama, agus a craoladh Dé Luain tar éis thorthaí an toghcháin. Léirigh an earnáil neamhspleách, an-spéis sa bhabhta seo agus bhí roinnt smaointe nuálacha maidir le cláracha grinn acu a d'fhéadfadh maoiniú forbartha a fháil.

In 2024, le tacaíocht ó Fhuaim agus Fís Choimisiún na Meán, thug an tsraith *Last One On The Train* (Susan Dennehy) dearcadh uathúil dúinn ar an míchumas, agus béim á cur ar na scéalta atá ag glúin nua de ghníomhaithe míchumais a labhair go macánta mar gheall ar na constaicí a bhíonn rompu ina saol laethúil.

Sraitheanna ab ea *Say a Song* agus *In the Smoke* (iad araon le Doireann Ní Ghlacáin) a thug léargas úr ar dhá fheiniméan níos sine de chuid na hÉireann: an amhránaíocht ar an sean-nós agus an imirce. Chuaigh na sraitheanna seo i ngleic leis na hábhair ar bhealach nua-aimseartha – d'aistrigh scríbhneoirí agus filí comhaimseartha as Éirinn an sean-nós agus rinne siad leagan úr díobh, agus rinneadh iniúchadh ar eispéireas na n-imirceach trí shúile ghlúin Ryanair.

Rinne *Fake News and Irish Freedom* (Pegasus Media and Consulting) iniúchadh ar imeachtaí Chogadh na Saoirse agus an Chogaidh Chathartha, agus rinne siad anailís orthu trí shúile an phreasa chomhaimseartha. Rinne an tsraith iniúchadh ar an gcaoi a raibh an nuacht faighte le linn na ré sin agus an chaoi ar baineadh brí as.

In 2024 cuireadh deireadh le *Mise Sessions* (Ray Cuddihy), agus tháinig *Routes* (Ray Cuddihy) ina áit. Rinneadh cur síos mion agus uathúil sna sraitheanna ceoil seo agus gach ceann acu ag cur scéalta ceoil de chuid na hÉireann i láthair ó pheirspictíochtaí éagsúla.

Mar thoradh ar bhabhta coimisiúnaithe breise ag an Nollaig cuireadh trí chlár bhreise ar sceideal na Nollag. Ina measc bhí *In the Smoke* (Doireann Ní Ghlacáin) a luadh cheana, inar tugadh léargas úr ar an eisimirce as Éirinn. Buaicphointe eile ab ea *Dave and Sinéad* (Bebbak), clár cartlainne luachmhar a thiomsaigh na hagallaimh go léir a rinne Dave Fanning le Sinéad O'Connor, rud a d'fhág gur ábhar éisteachta mealltach a bhí ann. Agus ar deireadh, chuir *The All-Ireland Quiz* (Pegasus Media and Consulting), tráth na gceist spóirt ina raibh réaltaí de chuid CLG páirteach agus a bhí á óstáil ag Marty Morrissey, siamsaíocht iontach ar fáil don Nollaig.



*Dave and Sinéad*

**RTÉ 2FM**

Thug *It Matters* (Tinpot Productions) éisteoirí RTÉ 2FM ar thuras fionnachtana ina raibh plé déanta ar chuid de na fadhbanna agus na himeachtaí ba mhó a bhain le daoine óga i rith ceithre scór bliain de shaol, de cheol agus de chultúr na hÉireann. Thug an tsraith ceithre chuid seo cuimhneacháin thábhachtacha dúinn ó na 1980idí go dtí na 2010idí. Agus é ag díriú ar na fadhbanna a bhí tábhachtach don lucht éisteachta níos óige le linn an ama sin, tá It Matters mar a bheadh capsúl ama siamsúil agus oideachasúil ann de shaol na hÉireann.

Tugann *After All – The Story of The Frank & Walters* (Learn and Sing Productions) dearcadh bhaill den bhanna ceoil, daoine sa tionscal, cairde, léirmheastóirí agus lucht leanúna. Déantar cur síos sa chlár faisnéise seo ar thuras an bhanna óna laethanta tosaigh i gCorcaigh i 1990 go dtí gur bhain siad clú agus cáil amach, agus léargas tugtha ar na buaicphointí nuair a shroich siad Uimhir 11 i gCairt Singlí na Ríochta Aontaithe i mí Eanáir 1993 agus nuair a bhí siad le feiceáil ar *Top of the Pops* in éineacht le Paul McCartney. Tá suim á léiriú sa bhanna arís mar gheall go raibh a n-amhrán 'After All' san áireamh i bhfuaimrian an tseó teilifíse *Young Offenders*, ag daingniú an amhráin mar chlasaiceach cultais.

Agus *Sessions from Oblivion* (Central Entertainment Bureau) ag filleadh ar RTÉ 2XM, bhí léirithe beo againn ó chuid de na taibheoirí is fearr sa tír a bhfuil gealladh fúthu, chomh maith le leideanna agus cleasa ó sheanfhondúirí na hearnála. Sa tsraith seo áiríodh taibheoirí ar nós Ailsha, Skinner, Nixer, Tomike agus Cruel Sister, agus treoir á fáil acu ó na seanfhondúirí Nialler9, Jackie Hayden, Yvonne Tiernan agus go leor eile.

*Sessions from Oblivion* ag filleadh ar RTÉ 2XM, bhí léirithe beo againn ó chuid de na taibheoirí is fearr sa tír a bhfuil gealladh fúthu, chomh maith le leideanna agus cleasa ó sheanfhondúirí na hearnála.




*Sessions from Oblivion*

**RTÉ lyric fm**

In 2024 thug RTÉ lyric fm isteach lear mór d'ábhar nua-chruthaithe ó léiritheoirí neamhspleácha, agus bhí siad seo le feiceáil mar chuid de chláracha an lae chomh maith le cláracha sainábhair um thráthnóna.

Le linn 2024 chraol *Lyric Feature* cláracha nua a bhí coimisiúnaithe ó chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha, agus thug siad seo ar fad ardán do cheoltóirí agus d'ealaíontóirí cruthaitheacha as Éirinn chomh maith le deis a thabhairt don lucht éisteachta a nguthanna a chloisteáil agus taithí a fháil ar a gcuid saothar. Baineann siad le háiteanna éagsúla ar fud na tíre agus níos faide ó bhaile: I measc na n-ionad ina raibh taifeadtaí déanta tá Srath an Urláir, Gaillimh, Iúr Cinn Trá, Tearmann Feicín, Sráid na Cathrach, Londain agus Palomas na Spáinne. Tháinig dhá théama a bhí bainteach le chéile chun cinn i gcuid mhaith de na léiriúcháin: an ghné idirnáisiúnta den chultúr a shamhlaíonn muid le hÉirinn, agus an chaoi nach bhfuil ár dtraidisiúin teoranta go docht ach gurb amhlaidh a bhíonn gach glúin á n-athchruthú.




*A Dream of Foreign Lands*

In *A Dream of Foreign Lands* (Mike Glennon Productions), cuireadh an dara halbam de chuid The Pogues, *Rum, Sodomy & the Lash*, atá 40 bliain ar an bhfód anois, i gcomhthéacs an traidisiúin cheoil níos leithne a bhaineann le hÉirinn, agus béim á cur ar an gcaoi go bhféadfadh rud a shamhlófaí a bhí ag teacht salach ar an traidisiún, a bheith, nuair a bhreathnófaí siar air, ag forbairt an traidisiúin agus é mar fhoinse do go leor den cheol a tháinig ina dhiaidh sin. Léirigh sé freisin nach gá go bhfuil cultúr na hÉireann faoi smacht de bharr gur oileán muid agus go bhféadfadh sí a bheith ag teacht chun cinn chomh héasca céanna i Londain agus a bheadh i Luimneach.

Dhá chlár eile a rinne téamaí a bhí cosúil le chéile a fhorbairt ab ea *Music on the Edge* (Eoin Brady) agus *The Musician That Is Me* (Rockfinch). Sa chéad cheann acu, rinne Eoin Brady cur síos ar scéal an Contempo Quartet, ceathrar ceoltóirí as an Rómáin a tháinig le chéile le linn dheachtóireacht Ceaușescu ach atá ina gcónaí anois i nGaillimh agus ag obair ann le 20 bliain anuas. Ní hamháin gur thug siad ceoltóireacht den scoth dá gcuid féin go hÉirinn, thug siad cluasa úra freisin, rud a chabhraigh leo cumadóirí comhaimseartha na hÉireann a chur chun cinn agus a bheith ag comhoibriú le ceoltóirí ó chúlraí clasaiceacha agus ó chúlraí traidisiúnta araon. Idir an dá linn, d'inis *The Musician That Is Me* scéal an chumadóra as Meiriceá Jane O'Leary, a d'aistrigh go hÉirinn 50 bliain ó shin. De bharr a cuid ceoil, a cuid abhcóideachta agus an spreagadh a thugann sí, chabhraigh Jane le timpeallacht a chruthú áit nach gceaptar níos mó gur údar suntais é go mbeadh mná in Éirinn ina gcumadóirí ceoil ach gurb amhlaidh atá siad ina gcuid bhunúsach de shaol an cheoil chomhaimseartha.

In *Dead Reeds* (Niamh O'Brien) agus *From the Parlour to the Pub* (Niamh O'Brien), insítear dhá scéal thraidisiúnta eile de chuid na hÉireann, ach ó pheirspictíochtaí úra. Déanann *From the Parlour to the Pub* cur síos ar stair na cláirsí Gaelaí le tamall anuas, uirlis a bhí tráth ina huirlis chlasaiceach i bparlúis na gcinseal Gaelach a bhí thar a bheith cúthail ach atá, le blianta beaga anuas, mar gheall ar cheoltóirí nua ar nós Laoise Kelly, Michael Rooney agus Michelle Mulcahy, ar ais i gcroílár cheol traidisiúnta na hÉireann. Tugann *Dead Reeds* na héisteoirí chuig uirlis thraidisiúnta eile, an phíb uilleann, ach ar bhealach nach mbeadh duine ag smaoineamh uirthi roimhe seo. Ag tosú amach in Palomas, sa Spáinn, áit a bhfásann go leor den chána as a dtagann an ghiolcach do na píobaí, cuirtear ar an eolas muid faoin táirge nádúrtha seo atá mar bhonn ag an bpíobaireacht ar fad. Faighimid amach go bhfuil cineál mistéireachta ag baint leis an ngiolcach: níl aon phéire acu mar an gcéanna ach tá siad ar fad leochaileach agus ní féidir braith orthu, agus uaireanta teipeann orthu.

Tá dhá chlár faisnéise eile, *Rosa and Frances* (Rockfinch) agus *Recalling the Layers* (Curious Broadcast), idir lámha faoi láthair. Insíonn *Rosa and Frances* dúinn faoi scríbhneoirí mná de chuid na hÉireann a ndearnadh faillí orthu agus a bhféadfadh go mbeadh cur amach níos fearr againn orthu murach an tuiscint ar inscne a bhí ann lena linn. Bhí aithne ar Frances Browne (1816–1879), as Srath an Urláir, mar fhile dall Chúige Uladh agus bhain sí cáil amach mar gheall ar na scéalta aoibhne a scríobh sí do pháistí, agus ar Rosa Mulholland (1841–1921), as an Iúir, a bhí cairdiúil le Charles Dickens, mar gheall ar na scéalta uafáis athfhuafara a scríobh sí faoin saol Victeoiriach. Insíonn *Recalling the Layers* scéal Dhún na Marascalachta ar Shráid Bhun Droichid i mBaile Átha Cliath, a bhí ina bheairic, ina phríosún féichiúnaí agus ina tionóntán ach a bhfuiltear ag bagairt é a leagan anois. Baineann an scéal leis an bpróiseas a bhaineann le hoidhreacht chultúir dhobhraite na comharsanachta a chlárú, agus é déanta le rannpháirtíocht mhuintir na háite chomh maith le staraithe an cheantair.

D'inis *The Musician That Is Me* scéal an chumadóra as Meiriceá Jane O'Leary, a d'aistrigh go hÉirinn 50 bliain ó shin.



*The Musician That Is Me*



*Rosa and Frances*



*Recalling the Layers*

Bronnadh go leor gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2024 freisin ar chláracha a bhí coimisiúnaithe le haghaidh *Lyric Feature* lena n-áirítear *We Only Want the Earth* (Contemporary Music Centre), a bhuaigh an gradam inbhuanaitheachta ag gradaim iomráiteacha an Association for International Broadcasting, agus *Feather and Flock* (Anja Murray), a bhuaigh an gradam óir don tsraith fhíorasach ab fhearr ag Gradaim Raidió na hÉireann IMRO.



*Feather and Flock*

I mí na Nollag rinne sraith sé chuid, *Together We Sing* (Grey Heron Media), ceiliúradh ar an gcumhacht a bhaineann leis na cóir agus a bheith ag casadh ceoil le chéile. Chomh maith le leaganacha áille d'amhráin a thabhairt dúinn, scrúdaíonn an tsraith an rud a spreagann muid le bheith ag canadh, an fáth go mbíonn fonn orainn a bheith páirteach i gcór agus an chaoi, agus muid ag canadh le chéile, go bhféadfadh sé a bheith teiripeach, cumhachtach, inspioráideach, agus uaireanta go mbeadh an-spórt ag baint leis. Déantar plé ar théamaí a bhaineann leis an bhfolláine, an abhcóideacht, an glacadh, leigheas agus an baile le cóir as gach cearn d'Éirinn. I measc na gcór a bhí i láthair bhí an cór Forget Me Not, atá báúil don néaltrú, Cór Ban an Gharda Síochána, Corks's Bravehearts do dhaoine a bhfuil ailse orthu, Cór Soiscéal Luimnigh ina mbraitheann na rannpháirtithe go bhfuil baile nua acu agus cór LADT+ Glória, i mBaile Átha Cliath.



*Together We Sing*

Chuir *Culture File* (Soundsdoable) 55 uair an chloig de thuarascálacha ealaíon agus cultúir ar fáil ar *Lorcan Murray's Classic Drive*, ar *Culture File Weekly* agus ar an *Culture File Debate*. Tugann na cláracha seo guth do thráchtairí cultúir nua ag a bhfuil dearcadh uathúil agus inrochtana ar an gceol, na meáin, an teicneolaíocht, an cheardaíocht, an ealaín, an ghreann, an bia agus an dearadh. Sa tsraith mhíosúil *Culture File Debate*, déanann painéal aíonna ó réimse leathan cúlraí agus disciplíní a machnamh ar chuid de na deacrachtaí is mó atá ag na healaíona agus na pobail chruthaitheacha in Éirinn agus thar lear. Tharla buaicphointí na díospóireachta in 2024 ag Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, Féile Beta agus Gailearaí Sarah Walker i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Garraithe Náisiúnta na Lus, i mBaile Átha Cliath, agus Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, i mBaile Átha Cliath. Dhírigh na díospóireachtaí seo ar ábhair ar nós Polaitíocht na Codlata, Íomhánna an Dúlra, an Anáil, Éin mar Ábhar Machnaimh don Ealaíontóir, agus na healaíontóirí comhaimseartha Charles Tyrell agus Martin Gale. I measc na bpainéalaithe bhí an Dr Cressida Heyes, Peter Power agus an Dr Antonio Zaadra, Isabel Nolan, Nina McGowan, Mary Cremin agus Ian Robertson, Nuala Fenton, Paddy Woodworth, Jane Carkill, Melissa Culhane, Killian Mullarney agus Yanny Petters, John Banville, Orit Gat agus Sara Baume.

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**

Tá tús áite á thabhairt ag RTÉ Raidió na Gaeltachta do chaidreamh láidir a chothú le léiritheoirí raidió neamhspleácha agus ábhar nua a chruthú i nGaeilge dá chlársceideal. Mar thoradh ar an suntas seo tá méadú tagtha ar an méid ábhar a chuireann an earnáil neamhspleách ar fáil don stáisiún, rud a chuir go mór le héagsúlacht a sceidil. I rith 2024, chomhoibrigh RTÉ Raidió na Gaeltachta le naonúr léiritheoirí agus comhlachtaí neamhspleácha ar ábhar a craoladh in 2024 chomh maith le tionscadail a chraolfar in 2025.

Tá tús áite á thabhairt ag RTÉ Raidió na Gaeltachta do chaidreamh láidir a chothú le léiritheoirí raidió neamhspleácha agus ábhar nua a chruthú i nGaeilge dá chlársceideal.

Sa Spidéal i gConamara a taifeadadh an ceathrú sraith de *Cuan an Cheoil* (Stiúideo Cuan), a fuair tacaíocht ó Scéim Fuaim agus Fís Choimisiún na Meán. Bhí cuid de na ceoltóirí traidisiúnta is fearr in Éirinn páirteach sa tsraith seo, agus iad á gcur faoi agallamh ag Liam Ó Maonlaí, agus ansin sheinn sé cúpla port in éineacht leo agus chas sé amhrán nó dhó. Is minic a chloisimid ceoltóirí i mbun ceoil, ach bhíothas ábalta eolas a chur orthu chomh maith sa tsraith seo. Rinneadh an tsraith a shruthú freisin agus tá sí fós le feiceáil agus le cloisteáil ar


*Cuan an Cheoil*

líne. Sraith eile is ea *Beo ón gCuan* ó Stiúideo Cuan a coimisiúnaíodh ón gciste céanna. Bhí ceolchoirmeacha ann a taifeadadh beo le lucht spéise agus ceoltóirí agus grúpaí iontacha ó gach cearn den tír páirteach.

Is sraith ceoil thraidisiúnta é *Cuireadh chun Cheoil* (Iontaobhas Fódhla) a bhíonn á léiriú agus á chur i láthair i gCúil Aodha, i nGaeltacht Chontae Chorcaí, ag an gceoltóir agus cumadóir Peadar Ó Riada. Tá nasc láidir ag an tsraith seo leis an lucht éisteachta anseo sa bhaile, agus thar lear freisin, agus í á dtabhairt le chéile agus ag cur leis an muintearas a cheanglaíonn an pobal ceoil sin le chéile.

Is sraith raidió thar a bheith spéisiúil é *Saol na mBan* (Clean Slate Television) a fhíonn le chéile an saol agus na scéalta suimiúla a bhí ag mná in Éirinn le trí scór bliain anuas, agus tá sé comhchoimisiúnaithe ag RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ag BBC Gaeilge tríd an ILBF. Tugtar siar muid sna blianta agus cloisimid faoin athrú millteanach a tharla, agus macallaí an ama atá caite agus macallaí an lae inniu ag teacht chéile. Cuntas agus scéal faoi ghlúin ar leith atá i ngach clár agus tugtar léargas dúinn ar an athrú mór atá tagtha ar chreatlach na sochaí agus ar chúrsaí ban.

Foilsíodh an leabhar *Jimín Mháire* Thaidhg breis agus céad bliain ó shin, ach i sraith dhrámaíochta don raidió faoin teideal céanna, *Jimín Mháire Thaidhg* (Macalla), déantar athshamhlú ar an gcarachtar is cáiliúla agus is spraíúla i litríocht na Gaeilge do dhaoine óga. Ceanglaíonn sé an ré ar bhain Jimín léi le saol an lae inniu ann nuair a bhuaileann Jimín le Róise, cailín óg as Baile Átha Cliath, agus nuair a fhoghlaimíonn siad faoi shaol a chéile agus go n-éiríonn siad mór le chéile. Sraith dhrámaíochta atá anseo do dhaoine óga agus do dhaoine nach bhfuil chomh hóg sin, agus é á léiriú ag Macalla, agus maoinithe ag Coimisiún na Meán ón Scéim Fuaim agus Fís.

I measc na dtionscadal eile a léiríodh in 2024, ach a chraolfar in 2025 tá sraith dhrámaíochta nua darb ainm *Jó Johnny Jó* (Stiúideo Cuan), a bhreathnaíonn ar dhuine de na húdair Ghaeilge is bisiúla sa 20ú haois, Cathal Ó Sándair agus a charachtar Réics Carló; dhá shraith faisnéise staire; agus roinnt cláracha ceoil a thugann scoth na gceoltóirí chugainn ar na haerthonnta raidió. Táimid ag tnúth leis na tionscadail seo agus le tionscadail eile ó sheánraí éagsúla agus le bheith in ann cuidiú le forbairt a dhéanamh ar earnáil an raidió neamhspleách Gaeilge.

Is sraith ceoil thraidisiúnta é *Cuireadh chun Cheoil* a bhíonn á léiriú agus á chur i láthair i gCúil Aodha, i nGaeltacht Chontae Chorcaí, ag an gceoltóir agus cumadóir Peadar Ó Riada.



*Cuireadh Chun Cheoil*




*Beo ón gCuan*

# MAOINIÚ EILE

Bhí mórthábhacht arís i rith na bliana 2024 le comhpháirtíocht Scéim Fuaim agus Fís Choimisiún na Meán maidir le cláracha coimisiúnaithe físe agus fuaime RTÉ.

Coimisiúnaíodh ocht léiriúchán teilifíse is fiche, a craoladh nó a chraolfar ar RTÉ, le tacaíocht ó Fuaim & Fís Choimisiún na Meán. Is iad sin: *Adam Loves Adventure; An Irish Atlantic Rainforest; An Leabhar Nótaí; Anorexia, My Family and Me; Born That Way; Brendan O'Connor's EmployABLE; DeValera's Ireland; Donal's Festival Kitchen; Fia's Fairies Sraith 2; Flix Sraith 2; Footballing Families; JourneyCam International Sraith 2; Lesbian Lines; Maddie + Triggs; Pablo: Boy Meets School; Patrick - A Slave to Ireland; Réaltaí Na Gaeltachta Sraith 2; Seisiún Sraith 2; Showkids; The End of the World with Beanz Sraith 2; The Grumpy Onion; The Hills Are Alive - Inside Kylemore Abbey; The Last Irish Missionaries; The Makers; The Sherkrainians; Welcome to Moore Street; Wild Connemara: Winds of Change;* agus *Zoo Live.*

Chomh maith leis na cláracha raidió a choimisiúnaigh RTÉ go díreach, fuair 21 léiriúchán neamhspleách maoiniú raidió ó Fhuaim & Fís Choimisiún na Meán agus chuir siad 100 uair an chloig de chláracha ar fáil le craoladh ar Raidió RTÉ in 2024 agus 2025. I measc na gcláracha bhí: *After All - The Story of The Frank & Walters, Beo ón gCuan Sraith 2, Cloch na Scíth, Cogadh na Smaointe, Control, Cuan an Cheoil Sraith 4, Eipic, Fake News and Irish Freedom, Galaxy Fest, Kaifina's Universe of Song, KidCast School Tour, Kozie Moles, Music on the Edge, Recalling the Layers, Rosa and Frances, Routes, Sessions from Oblivion, The Antix, The Musician That Is Me, The Science of Sense: Food* agus *The Sustainable Village.*

D'oibrigh RTÉ i ndlúthpháirt le Taighde Éireann arís chun cláracha a choimisiúnú a mheallfadh lucht féachana nua agus lucht féachana níos leithne trí fhíorscéalta a bhfuil an eolaíocht, an innealtóireacht agus an teicneolaíocht mar bhonn agus mar thaca acu. I measc na dtionscadal a fuair tacaíocht in 2024 bhí *Hooked* (Cable Rock Pictures) agus *Futureville Ireland* (Rare TV). Craoladh an dá léiriúchán le linn na mbuaicthráthanna ar RTÉ One.

Lean RTÉ ag fás agus ag neartú ár dtacaíochta do léiriúcháin teilifíse agus raidió trí mheán na Gaeilge tríd an gCiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF). I measc na gcláracha a cuireadh amach ar conradh in 2024 le tacaíocht ón CCG bhí *Bog Amach Sraith 3* (Strident Media), *Cailíní Comhraic* (Below the Radar), *Dance Master* (Pounce Pictures), *Saol na Feirme Sraith 2* (Strident Media), *Saol na mBan* (Clean Slate Television) and *Saol na tSaorálaí* (Imagine Media Productions). Craoladh na léiriúcháin go léir le linn na mbuaicthráthanna ar RTÉ One nó craolfar iad le linn na mbuaicthráthanna ar RTÉ One.

Bhí cistíocht faoi Alt 481 agus Fís Éireann ag roinnt coimisiún maidir le cláracha drámaíochta, beochana, cláracha grinn a raibh script leo agus cláracha fíorasacha. Thug RTÉ faoi chomhléiriúcháin i rith na bliana 2024 in éineacht le BBC NI, ARTE agus roinnt lucht maoinithe eile. Tugtar anailís ar an maoiniú ó fhoinsí eile ar leathanach 33.

D'oibrigh RTÉ i ndlúthpháirt le Taighde Éireann arís chun cláracha a choimisiúnú a mheallfadh lucht féachana nua agus lucht féachana níos leithne trí fhíorscéalta.



*Fia's Fairies*




*Kozie Moles*

Lean RTÉ ag fás agus ag neartú ár dtacaíochta do léiriúcháin teilifíse agus raidió trí mheán na Gaeilge.

## BEARTA TACA EILE

Lean RTÉ i rith na bliana 2024 de chúnamh taca a thabhairt maidir le forbairt na hearnála léiriúchán neamhspleách trí pháirt a ghlacadh sna scéimeanna forbartha, trí chainteoirí a chur ar fáil ag seimineáir do lucht an tionscail agus i gcoláistí oiliúna maidir le léiriúchán scannánaíochta agus teilifíse, trí pháirt a ghlacadh i gcomhdhálacha comhléiriúcháin idirnáisiúnta, trí chúnamh taca a chur ar fáil do léiritheoirí a bhfuil páirtnéirí comhléiriúcháin á lorg acu, agus trí bhualadh le comhlachtaí atá ag teacht chun cinn agus lón comhairle a chur ar fáil dóibh.

Déantar páirtmhaoiniú ar Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann, eagraíocht ionadaíochta na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, trí thobhach a ghearradh maidir le buiséid léiriúcháin i ndáil le cláracha a choimisiúnaíonn RTÉ ó na comhaltaí. Is muirear an tobhach dá bhrí sin a ghearrtar go díreach ar chuntas na gCláracha Neamhspleácha.

Is cumann ceirde atá in Animation Ireland a dhéanann ionadaíocht thar ceann mhórchuid na stiúideonna beochana in Éirinn. Cuireann RTÉ síntiús bliantúil ar fáil do Animation Ireland mar chuid dá dhúthracht i leith earnáil na beochana a fhorbairt.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá RTÉ díograiseach faoina dheimhniú go dtabharfar ar bhealach follasach faoi chláir a choimisiúnú a léireofar go neamhspleách ach a chraolfar don phobal. San iarracht teacht ar chláracha teilifíse agus raidió a léirítear go neamhspleách, bíodh siad cláracha nua a choimisiúnú nó cláracha a athchoimisiúnú, cloíonn RTÉ le modhanna oibre atá foirmeálta agus soiléir. Foilsítear iad sin ar láithreán gréasáin RTÉ, agus rochtain ag léiritheoirí neamhspleácha orthu.

D'fhostaigh RTÉ Deloitte i rith na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh maidir leis na gnáis oibre sonraithe a bhí le cur i bhfeidhm i ndáil le hiarratais faoi chláir theilifíse agus raidió a cuireadh faoi bhráid i rith na bliana 2024. Rinne Deloitte na bearta oibre sin agus bhíothas sásta, i ndáil leis an sampla gnóthaí a cuireadh faoi thástáil, go léiríonn an fhianaise cháipéisíochta atá ar coimeád ag RTÉ go rabhthas ag cloí leis na modhanna oibre coimisiúnaithe a bhaineann le hábhar.

*Other Voices*



### Achoimre ar an gCaiteachas in 2024

Oibleagáid reachtúil ar RTÉ maidir le caiteachas ar choimisiúin neamhspleácha faoin Acht Craolacháin, 2009 caiteachas de €47.3m a dhéanamh sa bhliain 2024, i ndáil le cláracha don teilifís agus don raidió. Ba é €48.8m an caiteachas iomlán iarbhír a tabhaíodh, lena n-áirítear forchostais inchurtha i leith RTÉ, ar ghníomhaíochtaí coimisiúnaithe teilifíse agus raidió le linn 2024.

| Caiteachas Tabhaithe | 2024 Teilifís €'000 | 2024 Raidió €'000 | 2024 Iomlán €'000 | 2023 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas Reachtúil (Sceid. 5) | 45,578 | 1,798 | 47,376 | 45,021 |
| Caiteachas Breise (Sceid. 6) | – | – | – | (71) |
| **Caiteachas Díreach ar Chláracha Coimisiúnaithe** | **45,578** | **1,798** | **47,376** | 44,950 |
| Barrchostais Leithchurtha RTÉ | 1,373 | 25 | 1,398 | 1,402 |
| **Caiteachas ar an mBeartaíocht Coimisiúnaithe** | **46,951** | **1,823** | **48,774** | 46,352 |

B'ionann an caiteachas reachtúil a tabhaíodh ar léiriúcháin neamhspleácha tríd an gcuntas Clár Neamhspleách in 2024 i leith cláracha coimisiúnaithe agus €45.6m don teilifís agus €1.8m don raidió, €47.4m san iomlán, agus tá costais riaracháin san áireamh anseo. Tá sé seo níos mó ná an tsuim reachtúil €47.3m.

1,030 uair an chloig san iomlán (530 don raidió, 500 don teilifís) a coimisiúnaíodh leis an gcaiteachas reachtúil ar Léiriúcháin Neamhspleácha i rith na bliana 2024, i réimse leathan catagóirí faoi mar a leagtar amach go mion i Sceideal 3.

Déantar anailís ar an gcaiteachas de réir catagóir cláir i rith na bliana 2024 i Sceideal 5.

### Caiteachas ar Choimisiúnú agus ar Bharrchostais 2024

Leagtar amach anailís ar an gcaiteachas ar léiriúcháin neamhspleácha teilifíse agus raidió a thabhaigh RTÉ i rith na bliana 2024 sa tábla thíos. Tugtar briseadh síos níos mine de réir seánraí i Sceideal 5 agus i Sceideal 6.

| Caiteachas Tabhaithe | 2024 Teilifís €'000 | 2024 Raidió €'000 | 2024 Iomlán €'000 | 2023 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiúin de chuid na Bliana 2023 arna dTabhairt ar Aghaidh | 14,366 | 442 | 14,808 | 15,561 |
| Athrú maidir leis an gCaiteachas ar Choimisiúin na Bliana 2023[1] | (1,036) | (25) | (1,061) | (811) |
| **Athlua ar Choimisiúin de chuid na Bliana 2023 arna dTabhairt ar Aghaidh** | **13,330** | **417** | **13,747** | 14,750 |
| **Coimisiúin nua i rith na bliana 2024 (féach thíos)** | **48,392** | **2,211** | **50,603** | 42,484 |
| Lúide Coimisiúin atá le cur ar fáil i rith na bliana 2025 | (18,754) | (889) | (19,643) | (14,808) |
| Costais Riaracháin (Sceideal 7) | 3,909 | 84 | 3,993 | 3,852 |
| Gradaim/Scéimeanna | 74 | – | 74 | 74 |
| **Caiteachas ar an mBeartaíocht Choimisiúnaithe** | **49,951** | **1,823** | **48,774** | 48,777 |

Is féidir anailís a dhéanamh ar na coimisiúin nua de €50.6m i rith 2024 (féach an tábla thuas) mar seo a leanas:

| Coimisiúin Nua | Caiteachas Reachtúil €'000 | % | Caiteachas Neamhreachtúil €'000 | % | Caiteachas Iomlán €'000 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Coimisiúin don Teilifís[2 3] | 44,966 | 89% | – | 0% | 44,966 | 89% |
| Forbairt don Teilifís[2] | 745 | 2% | – | 0% | 745 | 2% |
| Teilifís - Críochnaithe[2 3] | 2,681 | 5% | – | 0% | 2,681 | 5% |
| **Teilifís** | **48,392** | **96%** | **–** | **0%** | **48,392** | **96%** |
| **Raidió** | **2,211** | **4%** | **–** | **0%** | **2,211** | **4%** |
| **Iomlán RTÉ** | **50,603** | **100%** | **–** | **0%** | **50,603** | **100%** |

[1] Tá leasú déanta ar an gcaiteachas ar chláracha a coimisiúnaíodh i rith na bliana 2023 arna dtabhairt ar aghaidh i ndáil le hathrú costais agus cláracha a chur ar atráth, de réir mar a thit sin amach i rith na bliana 2024.

[2] Féach Sceideal 1 le haghaidh sainmhíniú ar choimisiúin, forbairt agus ciste críochnaithe.

[3] Áirítear maoiniú RTÉ maidir le Scéim Fuaim agus Fís CnaM.

Bronnadh coimisiúin teilifíse arbh fhiú €30m é, agus arb ionann é agus 62% de luach na gcoimisiún teilifíse nua in 2024, ar 10 gcuideachta léiriúcháin neamhspleácha, agus bronnadh suim bhreise €7.4m nó 15% ar 10 gcuideachta léiriúcháin neamhspleácha eile.

### An Obair Choimisiúnaithe 2024

Tugtar mionsonraí thíos ar bhunús geografach na dtograí le haghaidh coimisiúin a fuarthas i rith na bliana 2024.

| | Líon na gComhlachtaí | | Líon na dTograí a Cuireadh Isteach | | Líon na gCoimisiún a Deonaíodh | | Líon na nUaireanta an Chloig a Coimisiúnaíodh | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Suíomh | Teilifís | Raidió | Teilifís | Raidió | Teilifís | Raidió | Teilifís | Raidió |
| Baile Átha Cliath | 125 | 36 | 375 | 75 | 77 | 24 | 253 | 329 |
| An chuid eile de Phoblacht na hÉireann | 76 | 31 | 178 | 41 | 32 | 17 | 203 | 198 |
| Tuaisceart Éireann | 27 | 3 | 114 | 4 | 18 | 1 | 43 | 3 |
| An Bhreatain Mhór | 11 | 1 | 22 | 6 | 1 | - | 1 | – |
| Eile | 4 | – | 9 | – | – | – | – | – |
| **Iomlán** | **243** | **71** | **698** | **126** | **128** | **42** | **500** | **530** |

### Foinsí eile Maoinithe don Earnáil

Anuas ar an €48.8m a chuir RTÉ i leith na gcoimisiún nua teilifíse i rith na bliana 2024, fuair léiritheoirí chláracha coimisiúnaithe RTÉ maoiniú ó fhoinsí eile. Ba é luach iomlán an mhaoinithe bhreise seo ar chonarthaí 2024 ná €35.0m, agus anailís déanta air mar seo a leanas.

| Foinsí Maoinithe | Drámaíocht & Beochan €'000 | Seánraí Eile €'000 | Iomlán an Mhaoinithe Tríú Páirtí €'000 |
|---|---|---|---|
| Scéim Fís & Fuaim Choimisiún na Meán | 2,384 | 4,904 | 7,288 |
| Cómhaoiniú | 19,675 | 2,622 | 22,297 |
| Alt 481 | 4,484 | 898 | 5,382 |
| **Iomlán** | **26,543** | **8,424** | **34,967** |

Dá bhrí sin, ba é an luach iomlán a bhain leis na gníomhaíochtaí ar chláracha teilifíse neamhspleácha RTÉ in 2024, lena n-áirítear an maoiniú tríú páirtí ar fad, ná €83.8m. I gcás na gcláracha a rangaítear mar Dhrámaíocht nó Beochan nó cláracha a ndearnadh cómhaoiniú ina leith faoi Scéim Fuaim & Fís an Choimisiún na Meán, áirítear sna suimeanna maidir le maoiniú ó fhoinsí eile thuas, tionscadail nár chuir RTÉ ach maoiniú maidir le forbairt/críochnú amháin ar fáil.

### Costais Riaracháin

Leagtar amach go mion i Sceideal 7 anailís iomlán ar na costais riaracháin. In 2024, chosain na costais dhíreacha ó thaobh riaracháin €2.6m (€2.5m in 2023) ar Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ, agus b'ionann é sin agus 5.5% de chaiteachas iomlán Léiriúcháin Neamhspleácha ar chláracha coimisiúnaithe in 2024.

Bíonn Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ ag brath ar réimse seirbhísí de chuid RTÉ, iad seo a leanas san áireamh mar shampla: spás oifige agus na seirbhísí fóntais a ghabhann leis, teicneolaíocht an eolais agus córais ina leith sin, ábhar oifige inchaite, seirbhísí teicniúla agus seirbhísí acmhainní daonna. Tá bonn cuí maidir le hionsúchán iomlán an chostais / úsáid leithchurtha in úsáid d'fhonn costas cóir réasúnta na seirbhísí idir-rannógacha sin a úsáideann Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ a léiriú, suim arb ionann í agus €1.4m é i rith na bliana 2024 (2023: €1.4m).

### Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS)

Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil RTÉ agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2024 (Tuarascáil Bhliantúil RTÉ), de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais agus an léirmhíniú ar na caighdeáin sin atá aontaithe ag Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IASB) agus glactha leo ag an Aontas Eorpach.

Faoi réir na gcaighdeán IFRS, luann RTÉ an costas a bhaineann le cláracha coimisiúnaithe a craoladh seachas an caiteachas a tabhaíodh maidir le beartaíocht choimisiúnaithe. Luaitear i dTuarascáil Bhliantúil RTÉ na leibhéil maidir le fardal cláracha ar láimh, is é sin cláracha a rinneadh agus ar tabhaíodh costais ina leith le linn na tréimhse, ach nár tarchuireadh ag deireadh na tréimhse.

De réir mar a éilítear faoin Acht Craolacháin, 2009, is ar bheartaíocht RTÉ i ndáil le cláracha teilifíse agus fuaime neamhspleácha a choimisiúnú i rith na bliana agus ar oibriú chuntas bainc na gCláracha Neamhspleácha ag RTÉ a shonraítear sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha. Ní mheastar gur chóir glacadh leis na caighdeáin IFRS chun críche na Tuarascála Bliantúla maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha. Leagtar amach thíos an réiteach idir an caiteachas a tabhaíodh maidir le beartaíocht coimisiúnaithe mar a luaitear sa tuarascáil seo agus costas na gcláracha mar a luaitear i dTuarascáil Bhliantúil RTÉ 2024.

| Réiteach 2024 | Teilifís €'000 | Raidió €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Tuarascáil Bhliantúil i ndáil le Léiriúcháin Neamhspleácha:** | | | |
| Caiteachas a Tabhaíodh ar Ghníomhaíochtaí Coimisiúnaithe[4] | 46,951 | 1,823 | 48,774 |
| Móide: Stoc Clár ag tús na bliana | 17,153 | – | 17,153 |
| Lúide: Stoc Clár ag deireadh na bliana | (23,269) | – | (23,269) |
| **Costas Iomlán na gClárach a Craoladh** | **40,835** | **1,823** | **42,658** |
| **Tuarascáil Bhliantúil RTÉ:** | | | |
| Costas na gCláracha a Craoladh | | | |
| Costas na gCláracha Coimisiúnaithe[5] | 40,835 | 1,823 | 42,658 |
| **Costas Iomlán na gCláracha a Craoladh** | **40,835** | **1,823** | **42,658** |

[4] Féach an tábla ar lch. 32.

[5] Tuarascáil Bhliantúil RTÉ agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2024, Nóta 2(d).

# TUARASCÁIL Ó CHUNTASÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

**Tuarascáil na gCuntasóirí Neamhspleácha do Bhord RTÉ faoi Nósanna Imeachta Aontaithe i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil Aonad Léiriúchán Neamhspleách RTÉ maidir leis an mBliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024.**

Tá na nósanna imeachta a aontaíodh libh, faoi mar a shonraítear thíos, i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil Aonad Léiriúchán Neamhspleách RTÉ ("an Tuarascáil Bhliantúil") maidir leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus na Sceidil a ghabhann léi sin ("na Sceidil") déanta againn. Rinneadh obair na fostaíochta de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Seirbhísí Gaolmhara (ISRS 4400 Leasaithe) a bhaineann le fostú i ndáil le nósanna imeachta aontaithe. Is chun cuidiú leis an mBord a mheas an rabhthas ag comhlíonadh na ndualgas a leagtar ar an mBord faoin reachtaíocht i ndáil le Riachtanais Tuairiscíochta maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha, agus chun na críche sin amháin, a rinneadh na nósanna imeachta.

Tugadh faoi na nósanna imeachta sin bunaithe ar an bhfaisnéis airgeadais a chuir bainistíocht RTÉ ar fáil agus is ar Bhord RTÉ atá an fhreagracht ina leith sin. Leagtar amach thíos na nósanna imeachta a rinneadh agus toradh an tsaothair sin:

**Nósanna Imeachta**

1. Sheiceálamar gur go cruinn a baineadh an t-eolas a luaitear i Sceideal 2 "Oibriú Chuntas Bainc na gCláracha Neamhspleácha i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024", as an eolas mionsonraithe sa mhórleabhar ginearálta faoi idirbhearta a bhain le cuntas bainc na gCláracha Neamhspleácha i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

2. Sheiceálamar gur go cruinn ar baineadh an t-eolas a luaitear i Sceideal 5, Sceideal 6 agus Sceideal 7 as na taifid is bonn leo agus as an anailís mhionsonraithe a ullmhaíodh chun críche Tuarascáil Bhliantúil na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 a ullmhú.

3. Sheiceálamar na Sceidil maidir le cruinneas ó thaobh na matamaitice de.

**Toradh an tSaothair**

Rinneamar na nósanna imeachta a leagtar amach in 1-3 thuas agus níor tugadh aon ábhar eisceachta faoi deara le linn na hoibre sin. Mar gheall nach ionann na nósanna imeachta thuasluaite agus iniúchóireacht ná athbhreithniú arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta ná na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Fostú Athbhreithniúcháin, níl aon dearbhú á lua againn i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil RTÉ maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

Is chun na críche sin amháin a luaitear sa chéad alt den tuarascáil seo, agus mar eolas don Bhord, an tuarascáil atá á cur ar fáil againn agus ní le húsáid chun críche eile í. Is leis na nithe a shonraítear thuas agus leo sin amháin a bhaineann an tuarascáil seo agus ní théann sí chomh fada le haon ráitis airgeadais de chuid RTÉ arna léamh go cuimsitheach.



**Ainm le cur isteach tar éis an fhaofa**
*Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP*
*Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúil*
*Teach Deloitte & Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2*

*Le deimhniú i Márta 2025*

# SCEIDEAL 1: AN OIBLEAGÁID REACHTÚIL ATÁ AR RTÉ MAIDIR LE LÉIRIÚCHÁIN NEAMHSPLEÁCHA

**Dualgas maidir le Caiteachas**

Faoi Alt 116, fo-alt (2) den Acht Craolacháin 2009 (an tAcht), leagtar de dhualgas ar RTÉ faoin reachtaíocht íosmhéid airgid réamhshonraithe (an tsuim reachtúil) a chaitheamh gach bliain ar chláir teilifíse agus cláracha raidió arna léiriú go neamhspleách agus an t-airgead sin a lóisteáil i gcuntas faoi leith ar a dtugtar an cuntas Clár Neamhspleách (an cuntas).

| Caiteachas Reachtúil | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas Reachtúil Iomlán | 47,290 | 44,477 |

B'ionann an tsuim reachtúil i leith na bliana 2009 agus €40m agus bíonn athrú, maidir le gach bliain ó shin, ar an tsuim i gcomhréir leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí (PIT) bliantúil arna mheas ó mhí Lúnasa 2008 go dtí mí Lúnasa na bliana díreach roimh an mbliain airgeadais atá i gceist. Ós ionann an CPI arna meas ó mhí Lúnasa 2008 go dtí mí Lúnasa 2023 agus +18.2%, rinneadh an tsuim reachtúil i leith na bliana 2024 a choigeartú dá réir. Faoi Alt 116, is é 3% (€1.419m) an céatadán íosta atá le caitheamh ar chraoltóireacht fuaime in 2024.

**Dualgas maidir le Tuairisciú**

Mar a éilítear faoi réir Alt 116, fo-alt (9) den Acht Craolacháin, 2009, taobh istigh de 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, déanfaidh RTÉ tuarascáil a thabhairt don Aire:

- maidir lena ghníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana airgeadais sin i ndáil le déanamh clár teilifíse neamhspleách nó clár craolacháin fuaime neamhspleách a choimisiúnú
- maidir le hainm nó céannacht chorparáideach na ndaoine sin atá coimisiúnaithe chun clár craolta fuaime nó teilifíse neamhspleácha a dhéanamh
- maidir le feidhmiú ar an gcuntas i gcaitheamh na bliana airgeadais sin (tá mionsonraí feidhmithe an chuntais do 2024 leagtha amach i Sceideal 2) agus
- maidir le haon nithe eile a bhaineann leis na nithe thuas a ordaíonn an tAire.

**Sainmhíniú maidir le Coimisiúin, Forbairt agus Maoiniú Críochnaithe**

Déantar an tsuim a luaitear mar chaiteachas ar 'Choimisiúin' a shonrú de bhun an cheanglais de réir Alt 116, fo-alt (11) den Acht Craolacháin, 2009, nach mór do RTÉ, chun go measfaí clár a bheith coimisiúnaithe, 'oibleagáid dhlíthiúil chun 25% ar a laghad den chostas a íoc' a bhaineann le clár teilifíse a dhéanamh sula gcuirfear tús leis an obair ar dhéanamh an chláir.

Déantar suimeanna a luaitear mar chaiteachas ar 'Fhorbairt' agus ar 'Chríochnú' a shonrú de réir Alt 116, fo-alt (2)(a)(ii) agus fo-alt (2)(a)(iii), eadhon, "foirmliú tograí ag daoine a thabhairt i gcrích" maidir le cláracha teilifíse nó raidió neamhspleácha ar coimisiún ag RTÉ agus "cuidiú le críoch a chur le cláracha teilifíse neamhspleácha agus le cláir craolacháin fuaime nár choimisiúnaigh RTÉ a ndéanamh" faoi seach.

# SCEIDEAL 2: OIBRIÚ CHUNTAS BAINC NA gCLÁRACHA NEAMHSPLEÁCHA I RITH AN DÁ MHÍ DHÉAG ANUAS GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2024

| | €'000 |
|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh de réir RTÉ amhail 1 Eanáir 2024 | 750 |
| **Lóisteálacha** | |
| Fáltais ó RTÉ, lena n-áirítear ús bainc a fuarthas | 47,290 |
| **Lúide Íocaíochtaí** | |
| Íocaíochtaí | (44,369) |
| **Iarmhéid deiridh de réir RTÉ amhail 31 Nollaig 2024** | **3,671** |

# SCEIDEAL 3: CLÁRACHA/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA IN 2024

| Catagóir | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir | Iomlán Uaireanta an Chloig |
|---|---|---|---|
| **Cláracha Fíorasacha** | Coco Content | First Dates Ireland Series 10 | 14.0 |
| | Kite Entertainment | The Traitors Ireland | 12.0 |
| | Rare TV / Green Inc | Crimecall Series 21 2024/2025 | 10.0 |
| | Animo TV Productions | The Great House Revival Series 6 and Series 7 | 8.0 |
| | indiepics | Ear to the Ground Series 32 | 8.0 |
| | ACO TV | Build Your Own Series 2 | 6.0 |
| | Coco Content | Home Rescue: The Big Fix | 6.0 |
| | indiepics / Scratch Films | The Hospital Shift | 6.0 |
| | Cameo Productions | Cheap Irish Homes Series 5 | 4.0 |
| | Cameo Productions | Cheap Irish Homes Series 6 | 4.0 |
| | Coco Content | Room to Improve Series 16 | 4.0 |
| | Diffusion Media | Ray Goggins: Adventures | 4.0 |
| | Green Inc Film & Television | High Road Low Road Series 4 | 4.0 |
| | Green Inc Film & Television | High Road Low Road Series 5 | 4.0 |
| | indiepics | DIY SOS Series 4 | 4.0 |
| | indiepics | The Complaints Bureau Series 2 | 4.0 |
| | Rare TV / Green Inc | The Case I Can't Forget Series 4 | 4.0 |
| | ShinAwiL | Home of the Year Series 11 | 4.0 |
| | Waka TV | Keys to My Life Series 5 | 4.0 |
| | Waka TV | Raised by the Village Series 3 | 4.0 |
| | Animo TV Productions | Best Place To Be Series 2 | 3.0 |
| | Animo TV Productions | Fraudsters | 3.0 |
| | Appetite Media | Donal's Festival Kitchen [6 (Críochnaithe)] | 3.0 |
| | Cable Rock Pictures | Hooked | 3.0 |
| | Cameo Productions | Retrofit Nation | 3.0 |
| | Cornelia Street Productions | The Hills Are Alive - Inside Kylemore Abbey [6 (Críochnaithe)] | 3.0 |
| | Crossing the Line Productions | The Land that Breathes | 3.0 |
| | Esras Films | Building Ireland Series 4 | 3.0 |
| | indiepics | Heated Series 2 | 3.0 |
| | Midas Productions | The Records Show Series 2 | 3.0 |
| | Moondance Productions | Zoo Live [6 (Críochnaithe)] | 3.0 |
| | Oddboy Media | On The Beat | 3.0 |
| | Rare TV | Futureville Ireland | 3.0 |
| | Scratch Films | Welcome to Moore Street [6 (Críochnaithe)] | 3.0 |
| | ShinAwiL | Footballing Families [6] | 3.0 |
| | Tiny Big Films | The Makers [6] | 3.0 |
| | Tyrone Productions | Brendan O'Connor's EmployABLE [6 (Críochnaithe)] | 3.0 |
| | Vision Independent Productions | Super Garden Series 16 | 3.0 |
| | Alleycats tv | Bad Nanny | 2.0 |
| | Animo TV Productions | Turbulence – The Story of Ryanair | 2.0 |

# SCEIDEAL 3: CLÁRACHA/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA IN 2024

AR LEAN

| Catagóir | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir | Iomlán Uaireanta an Chloig |
|---|---|---|---|
| | Aquarius Productions | The Skinny Jab Revolution | 2.0 |
| | Crossing the Line Productions | Wild Connemara: Winds of Change [6] (Críochnaithe) | 2.0 |
| | Fine Point Films | Michael Lynn: The Fugitive | 2.0 |
| | Gambit Pictures | An Irish Atlantic Rainforest [6] (Críochnaithe) | 2.0 |
| | Little Wing Films | Too Big To Fail | 2.0 |
| | Loosehorse | DeValera's Ireland [6] (Críochnaithe) | 2.0 |
| | Scratch Films | The Last Irish Missionairies [6] (Críochnaithe) | 2.0 |
| | Sideline Productions | Ballroom Blitz | 2.0 |
| | Up and Away Media | NORAID: Irish America and the IRA | 2.0 |
| | Curious Dog Films | Born That Way [6] (Críochnaithe) | 1.5 |
| | Keeper Pictures | Lesbian Lines [6] (Críochnaithe) | 1.5 |
| | Alleycats tv | Anorexia My Family and Me [6] (Críochnaithe) | 1.0 |
| | Brick Films | Punt: The Irish in the NFL | 1.0 |
| | Brick Films | Tony Cascarino | 1.0 |
| | Connla's Well Productions | Blindboy: The Land of Slaves and Scholars [6] | 1.0 |
| | Create One | Patrick - A Slave to Ireland [6] (Críochnaithe) | 1.0 |
| | Dearg Films | Henry Mount Charles: A Lord in Slane | 1.0 |
| | Teilifís DOT | The Secret Lives of Bill Fuller (Críochnaithe) | 1.0 |
| | Fine Point Films | Murder of a GAA Chairman | 1.0 |
| | Fourth Wall TV Productions | The Locals | 1.0 |
| | Frontier Films | Nanci Griffith: From A Distance | 1.0 |
| | Phoenix Films | The Sherkrainians [6] (Críochnaithe) | 1.0 |
| | Ponder Media | The Great Pretenders | 1.0 |
| | Vision Independent Productions | Bloom | 0.5 |
| | Bo Media | The Kilkenny Nativity | 0.1 |
| | Conarthaí forbartha éagsúla le ACO TV, Árd Mhaca Productions, Atom Films, Diffusion Media, Fifty-Three Six, Fine Point Films, Flawless Films, Little Wing Films, Mighty Moo Content, Moondance Productions, Park Films, Praxis Pictures, Reflektor, Scratch Films, Straywave Media, Tile Films, Tyrone Productions, Waddell Media, Waka TV | | |
| | | | **209.6** |
| **Na hEalaíona agus an Cultúr** | Another Avenue | An Post Irish Book of the Year 2024 | 1.0 |
| | Averner Films | Christy Brown: Self Portrait | 1.0 |
| | Born Optimistic | RTÉ Celebrates Culture Night 2024 | 1.0 |
| | Cyprus Avenue Films | Fintan O'Toole: A Life in Our Times | 1.0 |
| | True Films | Fighting Words | 1.0 |
| | Walk On Air Films | Stephen Rea: Power in Performance | 1.0 |
| | Conarthaí forbartha éagsúla le Bo Media, Little Wing Films, Mount Venus Productions, Pepo Films, Vision Independent Productions | | |
| | | | **6.0** |

# SCEIDEAL 3: CLÁRACHA/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA IN 2024

AR LEAN

| Catagóir | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir | Iomlán Uaireanta an Chloig |
|---|---|---|---|
| **Cláracha Gaeilge** | IRIS Productions | TG4 - Rugbaí Beo 2024/2025 | 52.5 |
| | Imagine Media Productions | Saol na tSaorálaí (Críochnaithe) | 3.0 |
| | Red Shoe Productions | An Leabhar Notaí [6] (Críochnaithe) | 3.0 |
| | Strident Media | Bog Amach Series 3 | 3.0 |
| | Strident Media | Saol na Feirme Series 2 (Críochnaithe) | 3.0 |
| | IRIS Productions | TG4 - Rugbaí Beo - Clash of the Champions | 2.5 |
| | Big Mountain Productions | Réaltaí Na Gaeltachta Series 2 [6] (Críochnaithe) | 2.0 |
| | Hedgerow Films | Seisiún Series 2 [6] (Críochnaithe) | 2.0 |
| | Kite Entertainment / Buckshee Films | Vótáil | 2.0 |
| | Tile Films | Halloween: An Ancient Mystery (Críochnaithe) | 2.0 |
| | Below the Radar | Cailíní Comhraic | 1.5 |
| | Pounce Pictures | Dance Master | 1.0 |
| | Conarthaí forbartha éagsúla le Adare Productions, Big Mountain Productions, Tiny Ark Productions | | |
| | | | **77.5** |
| **Siamsaíocht, Greann agus Ceol** | ShinAwiL | Dancing with the Stars Series 8 | 22.0 |
| | Power Pictures | The Tommy Tiernan Show Series 9 | 16.0 |
| | Animo TV Productions | Irelands Fittest Family Series 12 | 9.0 |
| | Green Inc Film & Television | The 2 Johnnies Late Night Lock In Series 2 | 7.0 |
| | Kite Entertainment | Love in the Country Series 2 | 6.0 |
| | South Wind Blows | Other Voices Series 23 | 6.0 |
| | Kite Entertainment / Frontline Films | The End of the World with Beanz Series 2 [6] (Críochnaithe) | 3.0 |
| | Peer Pressure | Sisters Series 2 | 3.0 |
| | Red Shoe Productions | Fleadh Cheoil 2024 | 3.0 |
| | Wonky Chair Media | No Worries If Not Series 2 | 3.0 |
| | Coco Content | St Patricks Festival Parade 2024 | 1.5 |
| | ShinAwiL | The 21st IFTA Awards Ceremony | 1.0 |
| | Southpaw Productions | RTÉ Choice Music Prize 2024 | 1.0 |
| | Wonky Chair Media | Callan Kicks the Year 2024 | 1.0 |
| | Conarthaí forbartha éagsúla le ShinAwiL, Vico Films | | |
| | | | **82.5** |
| **Drámaíocht** | Metropolitan Films | The Walsh Sisters | 6.0 |
| | Charmer Pictures | Shush | 0.5 |
| | Connla's Well Productions | Did You Read About Erskine Fogarty | 0.5 |
| | Deadpan Pictures | I'm Yours | 0.5 |
| | Conarthaí forbartha éagsúla le Avalon Television, Carbonated Comet Productions, Max Films, O'Sullivan Productions, Saffron Moon, Subotica Operations, Tiger Darling Productions, Tooah Films, Treasure Entertainment | | |
| | | | **7.5** |

## SCEIDEAL 3: CLÁRACHA/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA IN 2024

AR LEAN

| Catagóir | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir | Iomlán Uaireanta an Chloig |
|---|---|---|---|
| **Spórt** | IRIS Productions | URC Rugby 2024/2025 | 60.0 |
| | | | 60.0 |
| **Daoine Óga** | JAM Media | Beddybyes (Críochnaithe) | 11.0 |
| | Paper Owl | Pablo: Boy Meets School [6] (Críochnaithe) | 8.0 |
| | Turnip & Duck | Maddie + Triggs [6] (Críochnaithe) | 7.0 |
| | Brick Films | Total Football | 5.0 |
| | Earth Horizon Productions | New Wave: Irelands Young Surfers | 4.0 |
| | Deadpan Pictures | Showkids [6] | 3.0 |
| | Dyehouse Films | JourneyCam International Series 2 [6] (Críochnaithe) | 3.0 |
| | Kavaleer Productions | Adam Loves Adventure [6] (Críochnaithe) | 2.5 |
| | Little Moon Animation | Fia's Fairies Series 2 [6] (Críochnaithe) | 2.5 |
| | Pictor Productions | Flix Series 2 [6] (Críochnaithe) | 2.4 |
| | GMARSH TV | Seamus Goes Wild | 2.0 |
| | Kite Entertainment | Storybuds Series 4 | 1.5 |
| | Fresh Films | Ireland's Young Film Maker of the Year 2024 | 1.0 |
| | Junk Kouture Productions | Junk Kouture Dublin City Final 2024 | 1.0 |
| | Cian McCarthy Productions | Kabin Crew Christmas Special | 0.5 |
| | HopSkip Studios | My Story: Tomi Champion of the World | 0.5 |
| | Tyrone Productions | My Story: What Daire Did Next | 0.5 |
| | Whackala | The Grumpy Onion [6] (Críochnaithe) | 0.5 |
| | Dyehouse Films | Glitch | 0.3 |
| | Animation Shorts | | 0.3 |
| | Boulder Media | Tír na nÓg | |
| | D11 Stories | The Schoolbag | |
| | Flickerpix | Points of Shoe | |
| | Little Moon Animation | Little One | |
| | Pioneertown Productions | Droid Academy | |
| | Taunt | Pals | |
| | Whackala | The Caretaker | |
| | Conarthaí forbartha éagsúla le Fleng Entertainment, Firebrand Productions, Kite Entertainment | | |
| | | | **56.5** |
| **IOMLÁN NA nUAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH DE RÉIR NA REACHTAÍOCHTA SA BHLIAIN 2024** | | | **499.6** |

[6] Coimisiúin a bhí páirtmhaoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís CnaM.

Ciallaíonn (Críochnaithe) Conarthaí Críochnaithe.

# SCEIDEAL 3: CLÁRACHA/UAIREANTA RAIDIÓ COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA IN 2024

| Catagóir | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir | Iomlán Uaireanta an Chloig |
|---|---|---|---|
| **Cláracha Fíorasacha** | Old Yard Productions | The Business 2024/2025 | 45.0 |
| | Pegasus Media and Consulting | The History Show 2025 | 20.0 |
| | OJO Productions | Supercharged with Anna Geary Series 5 | 12.0 |
| | Old Yard Productions | Our Divine Sparks | 11.0 |
| | Second Captains | Second Captains Saturday 2024 | 9.0 |
| | Doireann Ní Ghlacáin | In the Smoke | 4.0 |
| | Pegasus Media and Consulting | Fake News and Irish Freedom [7] | 4.0 |
| | Bebbak | Dave and Sinead | 2.0 |
| | Pegasus Media and Consulting | The All-Ireland Quiz | 1.0 |
| | | | **108.0** |
| **Na hEalaíona agus an Cultúr** | Soundsdoable | Culture File 2025 | 68.3 |
| | Soundsdoable | Culture File 2024 | 56.0 |
| | South Wind Blows | South Wind Blows 2024/2025 | 52.0 |
| | OJO Productions | Poetry People | 11.0 |
| | Grey Heron Media | Together We Sing | 3.0 |
| | Rockfinch | The Musician That Is Me [7] | 2.0 |
| | Rockfinch | Rosa and Frances [7] | 2.0 |
| | Curious Broadcast | Recalling the Layers [7] | 1.0 |
| | Eoin Brady | Music on the Edge [7] | 1.0 |
| | Mike Glennon | A Dream of Foreign Lands | 1.0 |
| | Niamh O'Brien | Dead Reeds | 1.0 |
| | Niamh O'Brien | From the Parlour to the Pub | 1.0 |
| | | | **199.3** |
| **Cláracha Gaelige** | Iontaoibheas Fódhla | Cuireadh Chun Cheoil | 102.0 |
| | Stiúideo Cuan | Beo ón gCuan Straith 2 [7] | 15.0 |
| | Stiúideo Cuan | Cuan an Cheoil Straith 4 [7] | 15.0 |
| | Scun Scan Productions | Cogadh na Smaointe [7] | 10.0 |
| | Scun Scan Productions | Eipic [7] | 10.0 |
| | Clean Slate Television | Saol na mBan | 3.0 |
| | Danú Media | Cloch na Scíth [7] | 2.8 |
| | | | **157.8** |
| **Siamsaíocht, Greann agus Ceol** | Catchy Title | Callan's Kicks 2024 | 12.0 |
| | Catchy Title | Callan's Kicks 2025 | 12.0 |
| | Ray Cuddihy | Routes [7] | 12.0 |
| | Central Entertainment Bureau | Sessions from Oblivion [7] | 5.0 |
| | Tinpot Productions | It Matters | 4.0 |
| | Kate Butler | Control [7] | 2.0 |
| | Learn and Sing Productions | After All – The Story of The Frank & Walters [7] | 1.0 |
| | | | **48.0** |

# SCEIDEAL 3: CLÁRACHA/UAIREANTA RAIDIÓ COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA IN 2024

AR LEAN

| Catagóir | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir | Iomlán Uaireanta an Chloig |
|---|---|---|---|
| **Daoine Óga** | Michelle Connolly | The Sustainable Village [7] | 5.0 |
| | Aidan Fitzmaurice | Galaxy Fest [7] | 2.5 |
| | Deborah Byrne | The Antix [7] | 2.0 |
| | Strange Vibe | Kaifina's Universe of Song [7] | 2.0 |
| | John Mackey | Kozie Moles [7] | 1.8 |
| | Céire O'Donoghue | KidCast School Tour [7] | 2.5 |
| | Curious Broadcast | The Science of Sense: Food [7] | 1.5 |
| | | | **17.3** |
| **IOMLÁN NA nUAIREANTA RAIDIÓ A COIMISIÚNAÍODH DE RÉIR NA REACHTAÍOCHTA SA BHLIAIN 2024** | | | **530.4** |

[7] Coimisiúin a bhí páirtmhaoinithe ag Scéim Fuaim agus Fís CnaM.

# SCEIDEAL 4: CLÁRACHA/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH IN 2024 NACH RAIBH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA

| Catagóir | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir | Iomlán Uaireanta an Chloig |
|---|---|---|---|
| – | – | – | – |
| **IOMLÁN NA nUAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH IN 2024 NACH RAIBH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA** | | | **–** |

Tabhair ar Aird: Níor coimisiúnaíodh aon uaireanta teilifíse neamhreachtúla nua i rith 2024

# SCEIDEAL 5: CAITEACHAS REACHTÚIL AR CHLÁIR CHOIMISIÚNAITHE DE RÉIR CHATAGÓIR AN CHLÁIR IN 2024

## TEILIFÍS

| Catagóir Cláir | Iomlán Uaireanta 2024 | Coimisiúin ó 2023 á dtabhairt ar aghaidh €'000 | Coimisiúin Nua 2024 €'000 | Coimisiúin 2024 á dTabhairt ar Aghaidh €'000 | Costas Iomlán 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cláracha Fíorasacha | 209.6 | 4,782 | 23,813 | (8,936) | 19,659 |
| Na hEalaíona agus an Cultúr | 6.0 | 126 | 726 | (139) | 713 |
| Cláracha Gaeilge | 77.5 | 1,078 | 2,454 | (1,062) | 2,470 |
| Siamsaíocht, Greann agus Ceol | 82.5 | 4,111 | 13,179 | (4,829) | 12,461 |
| Drámaíocht | 7.5 | 506 | 2,844 | (1,500) | 1,850 |
| Spórt | 60.0 | 1,281 | 1,912 | (890) | 2,303 |
| Daoine Óga | 56.5 | 1,446 | 3,464 | (1,398) | 3,512 |
| **Móriomlán:** | **499.6** | **13,330** | **48,392** | **(18,754)** | **42,968** |
| Gradaim - Scéimeanna | | | | | **74** |
| Forchostais agus costais eile (Sceideal 7) | | | | | **2,536** |
| **Caiteachas Díreach a Tabhaíodh** | | | | | **45,578** |

## RAIDIÓ

| Catagóir Cláir | Iomlán Uaireanta 2024 | Coimisiúin ó 2023 á dtabhairt ar aghaidh €'000 | Coimisiúin Nua 2024 €'000 | Coimisiúin 2024 á dTabhairt ar Aghaidh €'000 | Costas Iomlán 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cláracha Fíorasacha | 108.0 | 338 | 807 | (387) | 758 |
| Na hEalaíona agus an Cultúr | 199.3 | 46 | 567 | (227) | 386 |
| Cláracha Gaeilge | 157.8 | 22 | 181 | (38) | 165 |
| Siamsaíocht, Greann agus Ceol | 48.0 | 12 | 624 | (232) | 404 |
| Drámaíocht | – | – | – | – | – |
| Spórt | – | – | – | – | – |
| Daoine Óga | 17.3 | (1) | 32 | (5) | 26 |
| **Móriomlán:** | **530.4** | **417** | **2,211** | **(889)** | **1,739** |
| Forchostais agus costais eile (Sceideal 7) | | | | | **59** |
| **Caiteachas Díreach a Tabhaíodh** | | | | | **1,798** |

## CAITEACHAS DÍREACH A TABHAÍODH MAIDIR LE CLÁIR CHOIMISIÚNAITHE

| | |
|---|---|
| **TEILIFÍS & RAIDIÓ** | **47,376** |

Nóta 1: Cuirtear san áireamh na costais CBL nach féidir a ghabháil ar ais (NRV)

Nóta 2: Tá coimisiúin a tugadh ar aghaidh athluaite i ndáil le hathrú costais agus cláracha a bheith curtha ar atráth.

Nóta 3: Ní áirítear sna figiúirí sa tábla na forchostais atá inchurtha i leith RTÉ.

# SCEIDEAL 6: CAITEACHAS NEAMHREACHTÚIL A TABHAÍODH AR CHLÁRACHA COIMISIÚNAITHE DE RÉIR CHATAGÓIR AN CHLÁIR IN 2024

## TEILIFÍS

| Catagóir Cláir | Iomlán Uaireanta 2024 | Coimisiúin ó 2023 á dtabhairt ar aghaidh €'000 | Coimisiúin Nua 2024 €'000 | Coimisiúin 2024 á dTabhairt ar Aghaidh €'000 | Costas Iomlán 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| | – | – | – | – | – |
| **Móriomlán:** | | | | | |
| Gradaim - Scéimeanna | – | – | – | – | – |
| **Caiteachas Díreach a Tabhaíodh** | | | | | – |

Nóta 1: Níor coimisiúnaíodh aon uaireanta teilifíse nua neamhreachtúla i rith 2024

# SCEIDEAL 7: COSTAIS RIARACHÁIN AGUS BARRCHOSTAS EAGRÚCHÁIN INCHURTHA 2024

| Cur Síos ar an gCaiteachas | Teilifís €'000 | Raidió €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Costais Phárolla | 2,119 | 53 | 2,172 |
| Ranníocaíochtaí Tionscail | 263 | – | 263 |
| Stóráil Seiteanna | 134 | – | 134 |
| Costais Iniúchta | 11 | 6 | 17 |
| Costais Oifige agus Ilghnéitheacha | 9 | – | 9 |
| **Fo-iomlán** | **2,536** | **59** | **2,595** |
| Barrchostas Eagrúcháin Leithchurtha | 1,373 | 25 | 1,398 |
| **Móriomlán** | **3,909** | **84** | **3,993** |

# SCEIDEAL 8: GRADAIM 2024

| | Comhlacht Léiriúcháin | Teideal an Chláir |
|---|---|---|
| | **(a) Createaí 29** | |
| 1 | Treehouse Republic | Violent Violition |
| 2 | Studio Marguya | Meteoric |
| 3 | Daily Madness | The Cloud Herder |
| | **(b) Ionad Scannán na Gaillimhe Gearrscannán** | |
| 1 | Abhaile Productions | Little B*tch |

# SCEIDEAL 9: AN 50 CLÁR BA MHÓ LUCHT FÉACHANA 2024

| Áit | Teideal an Chláir | Cainéal | 000s |
|---|---|---|---|
| 1 | The Late Late Toy Show | RTÉ One | 1,526 |
| 2 | Guinness 6 Nations Live: France v Ireland | Virgin Media One | 1,077 |
| 3 | The Sunday Game Live: Senior Hurling Championship Final - Clare v Cork | RTÉ2 | 1,046 |
| 4 | Guinness 6 Nations Live: England v Ireland | RTÉ2 | 974 |
| 5 | UEFA Euro 2024: Final - Spain v England | RTÉ2 | 918 |
| 6 | The Sunday Game Live: Senior Football Championship Final - Armagh v Galway | RTÉ2 | 890 |
| 7 | Guinness 6 Nations Live: Ireland v Italy | Virgin Media One | 886 |
| 8 | Guinness 6 Nations Live: Ireland v Scotland | Virgin Media One | 875 |
| 9 | Guinness 6 Nations Live: Ireland v Wales | RTÉ2 | 872 |
| 10 | Autumn Nations Series: Ireland v New Zealand | Virgin Media One | 870 |
| 11 | UEFA Euro 2024: Semi-Final - Netherlands v England | RTÉ2 | 776 |
| 12 | The Sunday Game Live: Senior Hurling Championship Semi-Final - Limerick v Cork | RTÉ2 | 695 |
| 13 | I'm a Celebrity.. Get Me Out Of Here! 2024 | Virgin Media One | 682 |
| 14 | Eurovision Song Contest 2024 | RTÉ One | 674 |
| 15 | RTÉ News: Nine O'Clock | RTÉ One | 669 |
| **16** | **Room To Improve** | **RTÉ One** | **664** |
| 17 | RTÉ News: Six One | RTÉ One | 654 |
| 18 | Autumn Nations Series: Ireland v Argentina | Virgin Media One | 637 |
| 19 | The Sunday Game Live: Munster Senior Hurling Final - Limerick v Clare | RTÉ2 | 609 |
| 20 | UEFA Euro 2024: Semi-Final - Spain v France | RTÉ2 | 592 |
| 21 | New Year's Eve Live | RTÉ One | 584 |
| 22 | Paris Olympics 2024: Tonight | RTÉ2 | 575 |
| 23 | UEFA Euro 2024: Quarter Final - Portugal v France | RTÉ2 | 572 |
| 24 | The Sunday Game Live: Senior Football Championship Semi-Final - Donegal v Galway | RTÉ2 | 563 |
| **25** | **Dancing With The Stars** | **RTÉ One** | **558** |
| 26 | Prime Time Leaders' Debate | RTÉ One | 552 |
| 27 | The Rose of Tralee International Festival 2024 | RTÉ One | 543 |
| 28 | UEFA Nations League: Republic of Ireland v England | RTÉ2 | 536 |
| 29 | Autumn Nations Series: Ireland v Australia | Virgin Media One | 528 |
| 30 | Bishop Casey's Buried Secrets | RTÉ One | 515 |
| **31** | **The Tommy Tiernan Show** | **RTÉ One** | **503** |
| 32 | UEFA Nations League: Greece v Republic of Ireland | RTÉ2 | 503 |
| 33 | UEFA Euro 2024: Quarter Final - England v Switzerland | RTÉ2 | 502 |
| 34 | Mrs Brown's Boys | RTÉ One | 476 |
| 35 | Upfront With Katie Hannon - Leaders' Debate Special | RTÉ One | 474 |
| 36 | The Late Late Show | RTÉ One | 472 |
| 37 | UEFA Euro 2024: England v Slovakia | RTÉ2 | 466 |
| 38 | UEFA Euro 2024: Quarter Final - Netherlands v Türkiye | RTÉ2 | 464 |
| 39 | UEFA Euro 2024: Portugal v Slovenia | RTÉ2 | 460 |
| 40 | UEFA Euro 2024: England v Slovenia | RTÉ2 | 459 |
| 41 | Autumn Nations Series: Ireland v Fiji | Virgin Media One | 456 |
| 42 | Fair City | RTÉ One | 455 |
| 43 | The Saturday Game Live: Senior Hurling Championship Semi-Final - Kilkenny v Clare | RTÉ One | 454 |
| 44 | Paris Olympics 2024: Opening Ceremony | RTÉ2 | 449 |
| **45** | **Cheap Irish Homes** | **RTÉ One** | **445** |
| 46 | The Young Offenders | RTÉ One | 442 |
| 47 | Guinness 6 Nations Live: England v Wales | RTÉ2 | 434 |
| 48 | The Saturday Game Live: Senior Football Championship Semi Final - Armagh v Kerry | RTÉ2 | 430 |
| 49 | UEFA Euro 2024: Spain v Georgia | RTÉ2 | 430 |
| 50 | The Sunday Game Live: Munster Senior Hurling Championship - Limerick v Waterford | RTÉ2 | 418 |

Tá na cláracha a léirítear go neamhspleách a choimisiúnaigh RTÉ aibhsithe i gcló trom thuas.

Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM.

Tá na Cláracha is Mó Lucht Féachana bunaithe ar Dhaoine Aonair 4+, Gach Cainéal a nÍoctar Síntiús ina leith, Rogha Meánaithe: Lá ar bith, am ar bith, an eipeasóid is fearr, fad íosta 10 nóiméad, sonraí comhdhlúite, 1 Eanáir 2024–31 Nollaig 2024. Tabhair ar aird: Baineann an liosta seo úsáid as an eipeasóid is fearr as sraith.

Raidió Teilifís Éireann
Domhnach Broc
Baile Átha Cliath 4

T: 01 208 3111
F: 01 208 3080

www.rte.ie